TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

AONTAS 2026

I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH

Plean Straitéiseach CLG
2022-2026



Is eagraíocht ar leith é CLG sa saol spórtúil idirnáisiúnta ó thaobh an síneadh amach agus an tionchar atá aige, ach éiríonn leis an t-éiteas amaitéarach agus deonach a leagann amach 'cé muid féin' a choinneáil, freisin.

CLÁR

Teachtaireachtaí 4

Réamhrá 10

Ár gComhthéacs Straitéiseach 11

Ár gCur Chuige 16

Ár gCúis agus Ár Luachanna 18

Ár bhFís agus Ár Straitéis 20

Ár bPríomhthosaíochtaí 22

Ár Straitéis 26

1: Cluichí – Ag cur an eispéiris cluichí is fearr agus is féidir ar fáil d'imreoirí agus do lucht féachana 26

2: Daoine – Ag cur tacaíochta doshláithe agus deiseanna ar fhorbairt phearsanta ar fáil d'imreoirí, d'oibrithe deonacha agus d'fhostaithe 28

3: Clubanna agus Pobail – Ag tacú le marthanas agus le fás clubanna agus pobal 30

4: Cumarsáid – Ag saothraíocht ar mhaithe le Cumann atá níos ceangailte 32

5: Rialachas agus Oibríochtaí – Ár Rialachas agus ár nOibríochtaí a nuachóiriú mar chuid d'Aon Chumann Amháin 34

6: Acmhainní – Inbhuanaitheacht ár gcuid airgeadais, áiseanna agus Cumainn a chinntiú 36

Ár bPlean Feidhmithe 38

Aguisíní 40

Aguisín 1 – Achoimre ar Bhaill an Ghrúpa Stiúrtha agus ar an bPróiseas Pleanála 40

Aguisín 2 – Rogha Torthaí ón Taighde 45

Aguisín 3 – Buíochas 48







TEACHTAIREACHT AN UACHTARÁIN



Is mór an pléisiúr dom fáilte a chur roimh fhoilsiú phlean nua Chumann Lúthchleas Gael 'Aontas 2026 - I dTreo CLG Amháin do Chách', ina bhfuil fís agus straitéis shoiléir leagtha amach ann don chéad chúig bliana eile.

Toradh é an plean seo ar an bpróiseas comharliúcháin is cuimsithí a bhí riamh ag CLG agus ba mhaith liom aitheantas a thabhart d'ionchur ár gcuid ball sa phróiseas seo.

Mar is eol do chách, is eagraíocht é CLG ata dírithe ar dhaoine, atá ann ar mhaithe le spórt is spraoi a thabhairt do dhaoine agus is é fuinneamh ár gcuid ball agus lucht leanúna a choinníonn ag imeacht é.

Is iad an tsuim, an díograis agus an tiomantas seo a chothaíonn gréasán ár gcuid Clubanna, ní hamháin ar fud na hÉireann, ach ar fud na cruinne.

Is mar gheall air sin, a bhíonn áit chomh lárnach agus chomh speisialta sin ag na cuichí Gaelacha ina oiread clanna.

Tá sé d'aidhm ag CLG, An Cumann Camógaíochta agus Cumann Peile na mBan caitheamh aimsire atá sábháilte, a chuireann fáilte roimh chách agus atá spórtúil agus cultúrtha a chur ar fáil dá oiread daoine agus is féidir ar feadh a saolta ar fad. Leagann teideal an phlean seo 'Aontas 2026 – I dTreo CLG Amháin do Chách' béim ar an rún atá againn mar eagraíocht baill chlann mhór CLG agus ár gcuid gníomhaíochtaí uile a thabhairt le chéile. Comhartha é ar an treo ar mhaith linn dul. Tá an teideal ionadaíoch, freisin, ar an tiomantas atá againn an ceangal atá againn lenár gcuid ball agus lenár lucht leanúna a threisiú chomh maith le heagraíocht níos éagsúla agus níos cuimsithí a dhéanamh de CLG, ina mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí.

Is eagraíocht ar leith é CLG sa saol spórtúil idirnáisiúnta ó thaobh an síneadh amach agus an tionchar atá aige ach, ag an am céanna, éiríonn leis an t-éiteas amaitéarach agus deonach a choinneáil, a leagann amach cé muid féin. De bharr an chlú agus an cháil atá orainn, bíonn daoine ag súil le go leor uainn maidir leis an ról ar chóir dúinn a imirt ní hamháin sa tacaíocht a chuireann muid ar fáil dár gcuid ball agus dár gcuid Aonad, ach, sa tacaíocht a chuireann muid ar fáil do phobail áitiúla ar fud an domhain chomh maith. Mar sin féin, ar deireadh thiar, baineann straitéis le roghanna. Bíonn sé contúirteach muna ndéantar roghanna, agus má thugtar tús áite do gach rud, i dtimpeallacht ar bith ina bhfuil na hacmhainní teoranta. Agus muid ag pleanáil do chur ar ár gcumas an straitéis a chur i bhfeidhm ina hiomláine, tá cúig cinn de phríomthosaíochtaí aitheanta againn:

1. **Uasmhéid rannpháirtíochta i measc imreoirí, cóitseálaithe, réiteoirí agus oifigeach**
2. **Cumann inbhuanaithe ina bhfuil Clubanna rathúla ag a lár**
3. **Sé chód, aon Chumann amháin**
4. **Cumann atá ceangailte agus ionchumsitheach**
5. **Rialachas maith**



Tagann réchúis ar eagraíochtaí a bhfuil rath mór orthu agus de bharr go gceaptear go leanfar leis an rath, stoptar ag coinneáil súil ar fhadhbanna féideartha. Bheadh sé fíorfhaillitheach gan phleanáil don am atá amach romhainn agus cé nach bhfuil freagra gach ceiste do na míonna agus do na blianta amach romhainn sa straitéis seo, leagan sí amach tiomantas CLG go poiblí cloí lenár n-aidhmeanna agus lenár gcúis, chomh maith le tabhairt faoi fhís infhíoraithe maidir le todhchaí níos fearr a bhaint amach dár gcuid ball, lucht leanúna agus pobal.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Choiste Stiúrtha a thug a gcuid ama go deonach ó thús go deireadh an phróisis seo. Bhí an t-ionchur a bhí acu sa phróiseas saineolach agus bunaithe ar a gcuid rannpháirtíochta láidre féin i gCLG.

Tá súil agam agus creidim go láidir go mbeidh tionchar dearfach ag leathadh amach agus cur i bhfeidhm 'Aontas 2026 – I dTreo CLG Amháin do Chách' ar ár gcuid iarrachtaí todhchaí na gCluichí Gaelacha a chosaint agus a dhaingniú agus molann muid dár gcuid Clubanna agus Contaetha pleanáil don am atá le teacht ar an gcaoi chéanna trí aithris a dhéanamh ar an bhfís atá leagtha amach san obair seo.

Rath Dé ar an obair agus go n-éirí go geal libh.

Labhrás Mac Carthaigh
Uachtarán
Cumann Lúthchleas Gael

TEACHTAIREACHT AN ARD-STIÚRTHÓRA



Is cúis mhór áthais dom fáiltiú roimh an bhfoilseachán seo do Chumann Lúthchleas Gael, ach go háirithe, tar éis dúinn tréimhse a bhí dúshlánach, ní hamháin don Chumann, ach don tsochaí trí chéile a chur dínn.

Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach is atá anois bealach chun tosaigh a leathadh amach don eagraíocht, ach go háirithe, nuair a bhreathnaítear ar na dúshláin atá sáraithe againn agus ar an tábhacht a bhaineann le teacht chugainn féin an athuair ar bhealach dearfach.

Níl a leithéid de rud ann agus plean ina bhfuil gach freagra, nó, plean a chlúdaíonn gach rud atá i ndán dúinn.

Mar sin féin, ag croílár gach eagraíochta atá go maith, tá próiseas pleanála ina ndéantar sainmhíniú agus léiriú ar scóip na heagraíochta trína haidhm, fís, luachanna agus trína cuspóirí. Níl muidne pioc níos difriúla maidir leis an méid sin.

Ní rud atá sa phlean seo a chuirfidh srianta atá dubh agus bán ar CLG. In aon turas, a rinneadh cinnte go raibh solúbthacht ag baint leis. D'fhoghlaim muid ó thionscnaimh a rinneadh cheana, gur gá spriocanna agus cúinsí a athrú de réir mar a athraíonn nósmhaireachtaí sochaí. Mar shampla, d'fhoghlaim muid ó Covid-19 nach féidir talamh slán a dhéanamh d'airgead a leagtar ar leataobh le haghaidh tograí áirithe. Ar an mbarr sin, is féidir linn níos mó a bhaint amach don Chumann má éiríonn linn an oiread baill, lucht leanúna, agus páirtnéirí agus is féidir a thabhairt linn trí fhís choiteann. Dá réir sin, cuireann an plean straitéiseach seo níos mó béime ar an bhfís maidir leis an méid atá muid ag iarraidh a bhaint amach i réimsí áirithe in áit na gníomhartha áirithe a dhéanfar agus na slata tomhais a úsáidfear maidir le cúrsaí rathúlachta.

Ní mór d'eagraíochtaí a bheith in ann athrú de réir mar a atharíonn an timpeallacht ina mbíonn siad ag feidhmiú.

Bíonn seilfeanna lán dusta i ndán do phleananna mar seo muna bhfuil an tacaíocht chuí acu uathu siúd a mbíonn siad dírithe orthu agus tá an plean seo dírithe ar gach réimse den eagraíocht a fheabhsú.

Maidir leis sin, ba mhór an spreagadh agus an léargas a bhí sa phlé a bhí againn sa chéad chéim chomhairliúcháin den phróiseas. Bhí an-áthas orainn 15,000 freagra a fháil ar an suirbhé poiblí a rinne muid, agus a ndearna aonad gnó faisnéise KPMG anailís phaiteanta orthu, chomh maith le 230 aighneacht leathstruchtúrtha ina raibh achoimre de mhianta agus d'aislingí fadtéarmacha ár bpríomhpháirtithe leasmhara maidir le fás na gcluichí Gaelacha le fáil iontu.

Mar eagraíocht spóirt agus cultúrtha, ní féidir linn dearmad a dhéanamh go bhfuil muid ag brath ar dhaoine a bheith ag feidhmiú go deonach chomh maith le dea-thoil. Caithfidh an diminic speisialta seo a bheith taobh thiar den bhealach a smaoiníonn muid agus a dhéanann muid ár gcuid pleanála i gcónaí.

In ainneoin na héiginnteachta agus na n-athruithe leanúna ar fad a bhí an ó mhí an Mhárta 2020 i leith, léirigh muid solúbthacht agus seasmhacht mar eagraíocht le cinntiú go ngabhfadh ár gcuid cluichí agus gníomhaíochtaí ar aghaidh.

Níor chuir sé sin iontas orm agus ba cheart go dtabharfadh sé dóchas agus muinín dúinn ar fad agus muid ag filleadh ar ais ar an ngnáthshaol – tá súil againn.

Chuir an muintearas a chonaic muid le dhá bhliain anuas an rud atá ag croílár Chumann Lúthchleas Gael i gcuimhne dúinn agus tá an sprioc atá againn an oiread daoine agus is féidir a mhealladh isteach sa Chumann, ar feadh achar chomh fada agus is féidir, bainteach go díreach leis sin.

Is cinnte go bhfeicfear athruithe sa Chumann uaidh seo go ceann trí/cúig bliana atá ionadaíoch ar an tsochaí agus muid ag saothrú le bheith ábhartha agus leis an áit speisialta atá againn i saol na hÉireann a chosaint.

Tá an straitéis seo dírithe ar muid a réiteach le go bhféadfadh muid dul i ngleic leis an bpóiseas le muinín agus le soiléireacht.


Tá mé ag súil go mór go n-éireoidh leis an straitéis Cumann Lúthchleas Gael agus ár gcuid cluichí a neartú tuilleadh.



Tomás Ó Riain
Ard-Stiúrthóir
Cumann Lúthchleas Gael

FÍS

IS É AN FHÍS ATÁ AGAINN NÁ GO MBEADH CUMANN AGAINN ATÁ BUNAITHE AR DHAOINE DEONACHA AGUS ATÁ DÍRITHE AR PHOBAIL INA BHFUIL AN OIREAD DAOINE AGUS IS FÉIDIR IN ANN PÁIRT A GHLACADH SNA CLUICHÍ GAELACHA AGUS SA CHULTÚR GAELACH, CHOMH FADA AGUS IS FÉIDIR LEO.



Ár bPríomhréimsí Fócais 2022-2026

AONTAS 2026 – I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH

PLEAN STRAITÉISEACH CLG 2022-2026

AIDHM

Is í an aidhm atá againn ná na cluichí Gaelacha, an cultúr Gaelach agus rannpháirtíocht saoil a chur chun cinn mar eagraíocht phobalbhunaithe agus dheonach a shaibhríonn saoil daoine agus pobal.

FÍS

Is é an fhís atá againn don Chumann ná go mbeadh sé bunaithe ar dhaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach agus dírithe ar phobail ina bhfuil an oiread daoine agus is féidir in ann páirt a ghlacadh sna cluichí Gaelacha agus sa chultúr Gaelach, chomh fada agus is féidir.

LUACHANNA

Féiniúlacht Pobail

Stádas Amaitéarach

Ionchuimsitheacht

Meas

Leas Imreoirí

Obair Fhoirne agus Obair Dheonach

RÉIMSE FÓCAIS AGUS SPRIOCANNA

1. CLUICHÍ

an t-eispéireas cluichí is fearr agus is féidir a chur ar fáil d'imreoirí agus do lucht féachana

1.1 Peil Ghaelach agus Iomáint a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir le go mbeadh imreoirí sásta coinneáil orthu ag imirt agus go mbainfeadh an lucht féachana taitneamh as bheith ag breathnú ar na cluichí

1.2 A chinntiú go bhfuil líon suntasach cluichí fiúntacha ag imreoirí chomh maith le cóimheas cuí cluichí is traenáil ar mhaithe le rannpháirtíocht a fheabhsú agus le himreoirí a choineáil ag imirt

1.3 Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní breise chun an iomáint a chosaint agus a fhás

1.4 Aidhm, ról agus tionchar an Chumainn san earnáil oideachais a mheas d'fhonn cabhrú le scoileanna agus le hinstitiúidí ardaoideachais agus breisoideachais na cluichí Gaelacha a chur chun cinn agus chun an ceangal leis an earnáil a neartú, rud a chothódh deiseanna tacaíochta agus infheistíochta

2. DAOINE

Tacaíocht dhosháraithe agus deiseanna ar fhorbairt phearsanta a chur ar fáil do rólanna ina bhfuil daoine ag feidhmiú go deonach agus mar fhostaithe iontu

2.1 Cuir ar chumas imreoirí barr a gcumais a bhaint amach trí ardchaighdeán cóitseála, thacaíochtaí d'imreoirí agus dheiseanna ar chluichí a chur ar fáil dóibh

2.2 Seirbhísí tacaíochta a fheabhsú chun na dualgaisí riaracháin a bhíonn le comhlíonadh ag daoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach a laghdú

2.3 Na hacmhainní cuí atá ag teastáil le painéal na réiteoirí a fhás a dháileadh, an cultúr maidir le meas don réiteoir a chur ina cheart, agus caighdeán na réiteoireachta a fheabhsú

2.4 Na cláir fhoghlama uile a dhaingniú agus a chomhordú faoi bhrat aon ionad traenála amháin le cinntiú go mbeidh eispéiris fhoghlama ar ardchaighdeán ag cóitseálaithe, oifigigh, imreoirí, réiteoirí agus ag fostaithe

3. CLUBANNA AGUS POBAIL

ag tacú le marthanas agus fás clubanna agus pobal

3.1 An tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus le hionchuimsiú a chur chun cinn le himreoirí agus baill a ghríosadh le páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí

3.2 Dlús a chur faoin tacaíocht a chuirtear ar fáil do Chlubanna atá ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as athruithe daonra ina gcuid pobal áitiúil

3.3 An plé le rialtais ag leibhéil lárnacha agus áitiúla a dhéanamh foirmeálta le tabhairt faoi spriocanna agus tograí a ghabhfadh chun tairbhe an dá thaobh, mar shampla, athnuachan uirbeach agus tuaithe, sláinte agus folláine, gníomhaíocht choirp, rannpháirtíocht shóisialta, srl.

3.4 CLG a fhás ar bhonn domhanda trí sheirbhísí bainistíochta níos straitéisí agus níos oibríochtúla a chur ar fáil d'aonaid idirnáisiúnta

4. CUMARSÁID

ag saothraíocht ar son Cumainn atá níos ceangailte

4.1 Cultúr réamhghníomhach cumarsáide a fhorbairt ar fud an Chumainn leis an gclú atá orainn a fheabhsú, agus le scéal CLG a insint ar bhealaí nua-aimseartha

4.2 Ceangal níos fearr a chruthú le baill agus le lucht leanúna

4.3 Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga forbairt mar cheannairí agus glór a thabhairt dóibh maidir leis na ceisteanna móra atá os comhair an Chumainn

4.4 Ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí sheirbhísí leanúnacha tacaíochta agus oideachais a chur ar fáil do bhaill

5. RIALACHAS AGUS DIBRÍOCHTAÍ

ár gcuid rialachais agus oibríochtaí a nuachóiriú mar chuid d'Aon Chumann Amháin

5.1 Aon Chumann Amháin a chur ar bun a dhéanfadh rialú ar chóid uile na gcluichí Gaelacha: Peil Ghaelach, Iomáint, Peil Ghaelach na mBan, Camógaíocht, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr

5.2 Na struchtúir rialachais a fhorbairt ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn seirbhísí riaracháin a chur ar fáil do Chlubanna agus do Chontaetha chomh héifeachtúil agus is féidir

5.3 Comhlíonadh polasaí agus beartais bhainistíochta riosca a neartú lenár ndaoine agus lenár gcluichí a chosaint

5.4 Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht dhigiteach agus in anailís sonraí d'fhonn oibríochtaí an Chumainn a fheabhsú

6. ACMHAINNÍ

inbhuanaitheacht ár gcuid airgeadais, áiseanna agus ár gCumainn a chinntiú

6.1 Comhaird agus comhacmhainní an Chumainn a dhíriú ar fhás Clubanna an athuair mar phríomhaonaid de chuid an Chumainn

6.2 Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a bhaint amach le híoc as reáchtáil laethúil agus fás straitéiseach an Chumainn

6.3 A chinntiú go ndéantar forbairt agus bainistíocht ar áiseanna CLG ar bhealach inbhuanaithe

6.4 Gach aonad a bheith cóirithe le go bhféadfaidís feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de le tionchar an athraithe aeráide ar aonaid de chuid CLG agus ar an tsochaí a laghdú

PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ

Cumann inbhuanaithe ina bhfuil clubanna faoi bhláth mar chuid lárnach de

An méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir i measc imreoirí, cóitseálaithe, réiteoirí agus oifigeach

Sé Chód, Cumann Amháin

Cumann ceangailte agus ionchuimsitheach

Rialachas maith

SLATA TOMHAIS RATHÚLACHTA

Déanfaidh An Coiste Bainistíochta forbairt agus monatóireacht ar shlata tomhais rathúlachta agus ar spriocanna le tionchar an phlean straitéisigh seo a mheas.

Samplaí de seo ná baill chláraithe, imreoirí cláraithe, foirne cláraithe, daoine deonacha atá gníomhach, Clubanna comhcheangailte, maoiniú Club, lucht féachana teilifíse srl.



RÉAMHRÁ

Léiriú atá i bPlean Straitéiseach CLG 2022-2026 ar an bhfís agus ar an straitéis fhadtéarmach maidir leis an gCumann a fhás agus a chothú. Léiriú é ár bhfís ar an 'áit a bhfuil muid ag iarraidh a bheith sa bhliain 2026' agus tugann ár straitéis treoir dúinn ar an 'mbealach is fearr leis an áit sin a bhaint amach'.

Cuireann an straitéis seo leis an méid a bhí i bhFís Shoiléir 2021 (Plean Straitéiseach CLG 2018-2021) ar tháinig deireadh leis le linn an earraigh i 2021. Cuireadh an straitéis sin i bhfeidhm go dian dícheallach agus rinneadh dul chun cinn suntasach, agus tá dul chun cinn fós á dhéanamh, maidir lena spriocanna a bhaint amach. Mar a bheifeá ag súil leis, tá go leor de na téamaí céanna maidir le cúrsaí polasaí luaite sa dá cháipéis seo toisc go bhfuil na bunspriocanna atá ag an gCumann mar a bhí i gcónaí. Mar shampla, deiseanna ar chluichí a imirt a chur ar fáil, Clubanna agus pobail a shaibhriú, muintir CLG a fhorbairt, scéal CLG a insint ar bhealaí nua-aimseartha, agus ár n-acmhainní a bhainistiú ar bhonn éifeachtúil agus inbhuanaithe.

Tá tréimhse fhada clúdaithe sa phlean – cúig bliana in áit trí bliana – agus tá sé dírithe níos mó ar 'bhraistint físe' a leagan amach don am atá amach romhainn, seachas na céimeanna éagsúla a bheidh le tógáil againn a bheith leagtha amach go sonrach. Bhíothas den tuairim go raibh an dá athrú sin sa chur chuige tábhachtach le deis a thabhairt do gach aonad de chuid an Chumainn a gcuid pleananna agus a gcuid gníomhartha a chur in oiriúint d'fhís straitéiseach uileghabhálach an Chumainn.

Déanann an cháipéis cur síos ar na nithe seo a leanas:

1. Comhthéacs straitéiseach an Chumainn – mar a rialaítear muid, an staid reatha agus mar a dhéanfaidh an straitéis seo difríocht
2. Ár gcur chuige – an próiseas a lean muid
3. Ár n-aidhm agus ár luachanna – cén fáth a bhfuil muid ann agus cad iad na bunphrionsabail sheasmhacha a threoraíonn an chaoi ar cheart dúinn a bheith ag feidhmiú mar Chumann
4. Ár bhfís agus ár straitéis – mar a fheiceann muid CLG faoin mbliain 2026 agus an plean atá againn sin a bhaint amach
5. Ár bPlean Feidhmithe – mar atá i gceist againn an straitéis a chur i bhfeidhm
6. Aguisíní – Próifíl Bhaill an Ghrúpa Stiúrtha, léargas cuimsitheach ar an bpróiseas, rogha de thorthaí an taighde agus liosta de na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo

ÁR GCOMHTHÉACS STRAITÉISEACH

MAR A RIALAÍTEAR CLG

Is eagraíocht sheachbhrabúsach é Cumann Lúthchleas Gael ina bhfuil aonaid bhunreachtúla agus baill aonaracha ann. Rialaítear an Cumann de réir an Treoir Oifigiúil – bunreacht cuimsitheach a leagann amach struchtúr agus rialacha do lucht riartha na heagraíochta agus maidir le himirt na gcluichí féin.

Is í an Chomhdháil an t-ardúdárás taobh istigh de CLG. Tagann an Chomhdháil le chéile uair sa bhliain agus tá sí déanta suas de thoscairí ó chontaetha agus ó aonaid eile de chuid na heagraíochta. I measc na gcumhachtaí atá ag an gComhdháil ná gur féidir léi na rialacha sa Treoir Oifigiúil a achtú, a athrú nó a chur ar ceal. Is tríd an gComhdháil a thoghtar an tUachtarán ar feadh tréimhse trí bliana agus tá ról agus dualgaisí an Uachtaráin rialaithe faoir réir an Treoir Oifigiúil.

Tá 1,616 Club ar fad in Éirinn agus tá 450 Club thar lear a chuireann na cluichí Gaelacha chun cinn ina gcuid pobal áitiúl.

Idir Chomhdhálacha Bliantúla, is í an Ard-Chomhairle a bhíonn mar ardfhoras rialaithe ar an gCumann ar bhonn leanúnach. Tá an Ard-Chomhairle i gceannas ar na comórtais náisiúnta agus tá údarás aici i ngach gnó de chuid an Chumainn. Tá an Ard-Chomhairle déanta suas de thoscairí a bhíonn tofa ag na ballaonaid le seirbhís a thabhairt ar feadh téarma ar leith.

Tá an Coiste Bainistíochta déanta suas den Uachtarán, den Ard-Stiúrthóir (ní bhíonn cearta vótála ag an duine seo) den Uachtarán Tofa, más in oifig atá sé/sí, den Iar-Uachtarán ón téarma díreach roimhe, de Chathaoirligh na gComhairlí Cúige, den bheirt ionadaithe ón gComhdháil, de bhall amháin ó na ceithre chúige de chuid na hArd-Chomhairle agus de bheirt atá ainmnithe ag an Uachtarán agus ag an Ard-Stiúrthóir. Tá na daoine seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta, freisin, ach níl cearta vótála acu: An Stiúrthóir Airgeadais, Ionadaí ón gCumann Camógaíochta agus Ionadaí ó Chumann Peile na mBan. Tagann an Coiste Bainistíochta le chéile go rialta gach mí le súil siar a chaitheamh ar an gcaoi a bhfuil an Ard-Chomhairle ag feidhmiú agus le spriocanna agus straitéisí fadtéarmacha a leagan amach.

Is bun-Aonad é an Club de chuid an Chumainn. Tá 1,616 Club ar fad in Éirinn agus tá 450 Club thar lear a chuireann na cluichí Gaelacha chun cinn ina gcuid pobal áitiúl. Tá gach Club freagrach do Choistí Rannáin agus Contae agus tá na Coistí Rannáin agus Contae sin freagrach do Chomhairlí Cúige agus don Ard-Chomhairle.





FIGIÚIRÍ TÁBHACHTACHA 2021

2,066
LÍON CLUBANNA
(1,616 Éire + 450 Thar Lear)

368,662
LÍON LUCHT FÉACHANA AG CRAOBHCHOMÓRTAIS IDIRCHONTAE I 2021 [1]

587,758
BAILL CHLÁRAITHE

990K
LÍON LEANTÓIRÍ AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

314,420
IMREOIRÍ CLÁRAITHE [1]

136,546
CLÁRAITHE LE CÚL CAMPS

20,762
FOIRNE CLÁRAITHE [1]
(Éire amháin)

Léiriú atá i bPlean Straitéiseach CLG 2022-2026 ar an bhfís agus ar an straitéis fhadtéarmach maidir leis an gCumann a fhás agus a chothú.

[1] 897,975 an líon lucht féachana a d'fhreastail ar na Craobhchomórtais Idirchontae i 2019- roimh aimsir Covid-19.
Is mná faoi 12 amháin a áirítear i measc na n-imreoirí agus na bhfoirne cláraithe.

ÁR GCOMHTHÉACS STRAITÉISEACH


CONAS IS FÉIDIR LEIS AN STRAITÉIS SEO DIFRÍOCHT A DHÉANAMH

Den chuid is mó díríonn straitéisí, a mbíonn ionchur ag an eagraíocht ar fad iontu, ar threo fadtéarmach na heagraíochta sin. Bíonn siad dírithe go sonrach ar an scóip iomlán agus ar an gcaoi a n-úsáidtear acmhainní. I bhformhór na n-eagraíochtaí spóirt timpeall an domhain baineann fad trí go sé bliana lena gcuid pleananna straitéiseacha. Is annamh a mhaireann pleananna straitéiseacha níos faide ná sin mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm de bharr athruithe rialta ina gcuid Uachtarán – athraítear an tUachtarán gach trí - cúig bliana i bhformhór na n-eagraíochtaí spóirt – agus mar gheall ar an gacoi a mbíonn an domhan ag athrú de shíor. Mar shampla, smaoinigh ar an méid atá tar éis athrú le trí bliana anuas de bharr Covid agus an Bhreatimeachta!

Cé go bhfuil sé úsáideach fios a bheith againn cá fhad a bhíonn eagraíochtaí eile spóirt ag pleanáil chun tosaigh, is iad an dá phríomhcheist is gá do CLG a chur orthu féin le hamscála cuí a shocrú don phlean ná 1) Cad iad na hathruithe ar mhaith leis an gCumann a bhant amach?, agus 2) Cá mhéad ama a bheidh ag teastáil leis na hathruithe sin a bhaint amach?'

Sa bhliain 2018, moladh in athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar na nósanna imeachta straitéiseacha taobh istigh de CLG, go mbogfadh an Cumann ó phleananna trí bliana go pleananna cúig bliana le go mbeadh níos mó ama agus treorach ag aonaid, Contaetha agus Cúigí ach go háirithe, a gcuid pleananna straitéiseacha féin a chur in oiriúint do straitéis an Chumainn. Tar éis dóibh cúinsí éagsúla a thabhairt san áireamh, cheadaigh an Coiste Bainistíochta ábhar togra don straitéis reatha ina mbeadh plean cúig bliana agus athbhreithniú leathbhealach tríd i 2024. Thabharfadh sé seo deis don Uachtarán nua fuinneamh a chur sa chur chuige maidir le cur i bhfeidhm na straitéise uileghabhálaí an athuair. Ar an mbonn sin, tá sé d'aidhm ag an bplean straitéiseach seo treo agus scóip CLG a chur in iúl uaidh seo go dtí 2026 tríd an aidhm, an fhís, na luachanna, agus na spriocanna atá leagtha amach sa cháipéis seo.

Tá sé tábhachtach, mar sin féin, idirdhealú a dhéanamh idir an chiall éagsúil a bhaineann daoine as fís agus straitéis. Is cuma cé acu trí bliana, cúig bliana nó deich mbiana atá an straitéis, ní mór don fhís a bheith níos faide ná sin. Tá sé thar a bheith luachmhar tabhairt faoi bheart cuimsitheach fadtéarmach físe d'fhonn na ceisteanna agus na dúshláin fhadtéarmacha a mhúnlaíonn todhchaí eagraíochtaí agus na himleachtaí a bhaineann lena gcuid polasaithe, a aithint. Chuaigh na tuarascálacha 'Athbhreithniú Straitéiseach CLG (2002)' agus 'Coiste i dTreo 2034 (2018)' go mór chun sochair CLG, mar shampla. Cé go mothaítear nach bhfuil an fhís ag croílár tuarascálacha den chineál seo, is gá a leithéid a mheas ar bhonn níos fadtéarmaí le straitéis a fhorbairt. Thug Grúpa Stiúrtha CLG don phlean straitéiseach an dá athbhreithniú straitéiseacha san áireamh agus chabhraigh sé leo go raibh baint ag cuid de bhaill an Ghrúpa Stiúrtha le dréachtú an dá cháipéis sin. Mar sin féin, táthar den tuairim go bhfuil an plean straitéiseach seo níos oiriúnaí le comhleanúnachas agus le gníomhartha comhordaithe a leagan amach don Chumann, rudaí atá ag teastáil le staid réasúnta a bhaint amach faoin mbliain 2026 agus iarrtar ar lucht leanúna agus ar bhaill uile CLG tacú le cur i bhfeidhm na straitéise.



ÁR GCOMHTHÉACS STRAITÉISEACH

ÁR BPLEAN LE TABHAIRT FAOI CHEISTEANNA A THIOCFAIDH ANÍOS AMACH ANSEO I NDIAIDH 2026

Cosúil le gach eagraíocht eile, tá go leor dúshlán agus deiseanna roimh CLG, agus cúinsí seachtracha sa domhan trí chéile ach go háirithe, ina bhfuil smaointeoireacht agus réitigh fhadtéarmacha ag teastáil le tabhairt fúthu. Mar shampla, athruithe déimeagrafachacha, reachtaíocht nua pleanála, athruithe i stíleanna maireachtála agus sa dearcadh atá ag daoine maidir le bheith ag obair go deonach, imreoirí ag éirí as, an t-athrú i dtreo na cumarsáide digití, inbhuanaitheacht timpeallachta, domhandú, An Breatimeacht, Paindéim Covid-19 agus an t-ardú sa bhéim a leagtar ar chúrsaí sláinte agus ar leas leanaí, daoine óga agus daoine fásta i measc go leor eile. Mar sin féin, níl aon chur chuige coiteann pleanála straitéisí ann a rinneadh cheana a d'fhéadfadh CLG a bhaint ón tseilf a úsáid le tabhairt faoi gach ceist.

Cé gur fiú tascfhórsaí a chur ar bun le teacht roimh aon chomharthaí réamhrabhaidh maidir le hathruithe agus le freagraí ábhartha a aithint, is é an dúshlán atá roimh an gCumann ná teacht ar bhealaí éifeachtachta le smaointeoireacht fhadtéarmach a shníomh isteach i bpróisis laethúla na ndaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach agus ár bhfostaithe, le go mbeadh na comhráite cuí ar bun nuair a thagann an t-am ar gá teacht ar réitigh.

Is chun sochair CLG atá struchtúr reatha an Chumainn maidir le fochoistí atá déanta suas de shaineolaithe agus de dhaoine deonacha a bhfuil taithí acu i réimsí éagsúla, a chur ar bun. Mar sin féin, tá scóip don Chumann meon níos straitéisí a bheith aige. D'fhonn cur leis an saineolas atá againn, beidh straitéis an Chumainn mar mhír bhuan ar chláracha oibre chruinnithe an Choiste Bainistíochta, rud a chinnteoidh go mbeidh ceisteanna nua maidir le cúrsaí straitéise á n-aithint agus a bplé ag na fochoistí cuí. Nuair is gá, cuirfear tascfhórsaí agus fochoistí nua ar bun le tabhairt faoi thograí éagsúla straitéiseacha.

Nuair is gá, cuirfear tascfhórsaí agus fochoistí nua ar bun le tabhairt faoi thograí éagsúla straitéiseacha.



ÁR GCUR CHUIGE

I mí an Mhárta 2021, chuir an Coiste Bainistíochta Grúpa Stiúrtha um fhorbairt straitéise le chéile le comhordú a dhéanamh ar fhorbairt an phlean straitéisigh. Ba é cúram ginearálta an ghrúpa seo ná taighde a dhéanamh ar 'an áit a bhfuil CLG sa lá atá inniu ann' agus 'ar an áit ar chóir do CLG a bheith sa wbhliain 2026', trí athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí reatha polasaí, trí thaighde a dhéanamh agus trí ghabháil i mbun comhairle le duine ar bith a raibh suim acu i dtodhchaí CLG a mhúnlú. Bhí na daoine deonacha agus na baill fhoirne seo a leanas ar an nGrúpa Stiúrtha:

- **Labhrás Mac Cárthaigh** (Uachtarán CLG)
- **Tomás Ó Riain** (Ard-Stiúrthóir CLG)
- **Conor McCarthy** (Ó Donnabháin Rossa, Corcaigh)
- **Dr. Elish Kelly** (Na Piarsaigh, Ros Comáin)
- **Pat Gilroy** (Naomh Uinsionn, Áth Cliath)
- **Paul Foley** (Tobar Phádraig, Luimneach)
- **An tOllamh David Hassan** (Naomh Muire, Beannchar, Doire)
- **Shane Flanagan** (Droichead Bhaile Sheáin, Cill Dara
- **Tim Murphy** (Brosnach, Ciarraí)
- **Ruairí Harvey** (Bainsiteoir Forbartha Eagraíochta CLG)

Bhí 14 cruinniú ar fad ag an gCoiste Stiúrtha agus thug an Coiste faoi chlár cuimsitheach taighde le daoine ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn teacht ar na príomhcheisteanna a bhí os comhair an Chumainn. Rinneadh forbairt ar an bplean straitéiseach, ina dhiaidh sin. Bhí na nithe seo a leanas mar chuid den phróiseas:

150
AIGHNEACHT PHEARSANTA

15K
FREAGRA SUIRBHÉ

80
AIGHNEACHT Ó GHRÚPAÍ

20
ATHBHREITHNIÚ AR CHÁIPÉISÍ

12
FÓCASGHRÚPA

GO LEOR LÉIRITHE

Féach Aguisín 1 le haghaidh achoimre ar chúlra na mball coiste chomh maith le léargas cuimsitheach ar an bpróiseas pleanála a lean siad. Tá cuid de na torthaí ón taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a d'úsaid an Coiste Stiúrtha chun an plean straitéiseach reatha a fhorbairt le fáil in **Aguisín 2**. Luaitear agus aithnítear na daoine agus na grúpaí a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin in **Aguisín 3**.

Cuireadh an cháipéis seo i láthair Fheidhmeannas CLG, an Choiste Bainistíochta agus na hArd-Chomhairle agus glacadh léi go hoifigiúil.



ÁR NAIDHM AGUS ÁR LUACHANNA

ÁR NAIDHM

Is í an aidhm atá againn ná na cluichí gaelacha, an cultúr gaelach agus rannpháirtíocht saoil a chur chun cinn mar eagraíocht dheonach, phobalbhunaithe a shaibhríonn saolta agus pobail.

- Tá muid tiomanta do chinntiú go saibhríonn ár gcluichí agus ár luachanna saolta ár gcuid ball, ár gcuid clann agus na pobail a ndéanann muid freastal orthu.
- Tá muid tiomanta do rannpháirtíocht ghníomhach saoil do chách.
- Tá muid tiomanta d'éiteas forbartha atá inbhuanaithe a chur i bhfeidhm maidir lenár gcuid acmhainní agus ár gcuid gníomhaíochtaí a bhainistiú.
- Tá muid gníomhach ag iarraidh plé le agus a bheith ionadaíoch ar gach duine sa tsochaí.
- Cuireann muid forbairt phearsanta agus folláine chun cinn, rud a ligeann dár gcuid ball ar fad lán a gcumais a bhaint amach ina rogha rólanna.
- Cuirimid áiseanna agus timpeallachtaí sábháilte cuimsitheacha ar fáil do chách.



AONTAS 2026 – **I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH**

ÁR NAIDHM AGUS ÁR LUACHANNA

ÁR LUACHANNA

Na croíphrionsabail sheasmhacha a threoraíonn mar is ceart dúinn feidhmiú

FÉINIÚLACHT POBAIL

- Tá an Pobal agus an Club ag croílár an Chumainn
- Saibhríonn gach rud a dhéanann muid na pobail a ndéanann muid freastal orthu
- Cothaíonn muid tuisint ar fhéiniúlacht agus ar áit
- Tacaíonn muid lenár gcuid ball agus iad ag cur le folláine a gcuid pobal

STÁDAS AMAITÉARACH

- Is mar amaitéaraigh a ghlacann ár n-imreoirí agus ár mbaill páirt inár gcluichí
- Cuireann muid clár cluichí ar fáil ag gach leibhéal le freastal ar riachtanais ár gcuid imreoirí go léir
- Cosnaíonn muid ár stádas mar phríomheagraíocht amaitéarach spóirt an domhain

IONCHUIMSITHEACHT

- Cuireann muid fáilte roimh chách a bheith mar chuid dár gCumann
- Tá muid oscailte do thuairimí agus do chultúir éagsúla agus, ag an am céanna, tá meas againn ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach.
- Déanann muid freastal ar gach duine beag beann ar ábaltacht

MEAS

- Tá meas againn ar a chéile ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha
- Feidhmíonn muid le hionracas ag gach leibhéal
- Éisteann muid agus bíonn meas againn ar thuairimí gach duine

LEAS IMREOIRÍ

- Cuireann muid an t-eispéireas imeartha is fearr ar fáil dár gcuid imreoirí ar fad
- Leagann muid amach ár gcluichí ar bhealach ina bhfuil imreoirí ar gach caighdeán in ann taitneamh a bhaint as ár gcuid gcluichí agus barr cumais a bhaint amach iontu
- Mar is amhlaidh i gcás na n-imreoirí, tá leas agus folláine ár gcuid ball uile tábhachtach dúinn

OBAIR FHOIRNE AGUS OBAIR DHEONACH

- Is eagraíocht muid a bhfuil daoine deonacha agus an daonlathas i dtús cadhnaíochta inti
- Éiríonn linn de bharr iarrachtaí deonacha ár gcuid ball
- Spreagann an t-éiteas deonach atá againn ár gcuid ball le ról níos leithne a imirt ina gcuid pobal
- Is ionann obair fhoirne éifeachtach ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha agus bunchloch ár gCumainn chomh maith le hinbhuanaitheacht.
- Déanann muid ceiliúradh agus tugann muid tacaíocht don ról atá ag daoine deonacha agus ag fostóirí inár gCumann.







ÁR BHFÍS AGUS ÁR STRAITÉIS

ÁR BHFÍS

IS Í AN FHÍS ATÁ AGAINN NÁ GO MBEADH CUMANN AGAINN ATÁ DÍRITHE AR AN BPOBAL LE DAOINE DEONACHA I DTÚS CADHNAÍOCHTA ANN, INA BHFUIL AN OIREAD DAOINE AGUS IS FÉIDIR AG GLACADH PÁIRTE SNA CLUICHÍ GAELACHA AGUS SA CHULTÚR GAELACH, CHOMH FADA AGUS IS FÉIDIR LEO.

PRÍOMHRÉIMSÍ FÓCAIS	CUR SÍOS AR FHÍS
1. CLUICHÍ **an t-eispéireas imeartha is fearr agus is féidir a chur ar fáil d'imreoirí agus do lucht féachana**	• Beidh an pheil Ghaelach agus an iomáint ar na cluichí amaitéaracha is taitneamhaí le himirt agus le breathnú orthu ar domhan. • Beidh líon cuí cluichí agus comórtais dhea-eagraithe ag imreoirí beag beann ar chontae ná ar chód. • Beidh fás as cuimse ar an iomáint, ag eascairt as infheistíocht bhreise i gcontaetha iomána Roinn 2 agus Roinn 3. • Beidh níos mó oibre ar bun ag an gCumann in earnáil an oideachais chun na cluichí Gaelacha a chur chun cinn i scoileanna agus in institiúidí ardoideachais agus breisoideachais.
2. DAOINE **ag cur tacaíochta dosháraithe agus deiseanna ar fhorbairt phearsanta ar fáil d'imreoirí, d'oibrithe deonacha agus d'fhostaithe**	• Tabharfar tacaíocht do gach imreoir barr a gcumais a bhaint amach trí chluichí, chóitseáil agus sheirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil. • Beidh ár ndóthain daoine deonacha, a bhfuil lántacaíocht acu, le príomhghníomhaíochtaí an Chumainn a chomhlíonadh ar bhonn taitneamhach, mar shampla, cóitseáil, réiteoireacht, riarachán srl... • Déanfar níos mór réiteoirí a earcú agus coinneofar níos mó acu. Beidh caighdeáin níos airde réiteoireachta ann, freisin, de bharr breis infheistíochta traenála agus forbartha. Beidh níos mó measa á leiriú ag imreoirí, bainisteoirí agus ag lucht leanúna orthu. • Is féidir le gach oibrí deonach agus fostaí forbairt leanúnach a dhéanamh ar a gcumas agus ar a gcuid muiníne ina róil agus ina saolta tríd na conairí agus na cúrsaí foghlama ar ardchaighdeán a bhíonn á gcur ar fáil ag Acadamh Foghlama CLG.
3. CLUBANNA AND POBAIL **ag tacú le marthanas agus le fás clubanna agus pobal**	• Aithneofar CLG mar eagraíocht ionchuimsitheach ina mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí, agus go bhfuil áit dóibh inár gClubanna, ach go háirithe sna pobail sin ina bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta iontu. • Spreagfar Clubanna le leas a bhaint as eolas déimeagrafach agus pleanáil fhadtéarmach leis an láithreacht ata acu ina gcuid pobal a chothú agus a fhás. • Beidh CLG tar éis an caidreamh le forais rialtais maidir le spriocanna a ghabhfadh chun sochair an dá phairtí a chur ar bhonn foirmiúil. • Cuirfidh an Cumann, ar bhonn lárnach, níos mó tacaíochta riaracháin ar fáil d'aonaid idirnáisiúnta chun na cluichí Gaelacha a fhás ar fud an domhain agus chun an tarraingt atá againn a chur chun cinn i measc bhunmhuintir na dtíortha sin.

PRÍOMHRÉIMSÍ FÓCAIS	CUR SÍOS AR FHÍS
4. CUMARSÁID **ag saothraíocht ar mhaithe le Cumann atá níos ceangailte**	• Cuirfear cultúr réamhghníomhach cumarsáide i bhfeidhm i CLG, rud a neartóidh an nasc agus an chumarsáid idir oifigigh, aonaid, baill agus lucht leanúna an Chumainn. • Cuirfear níos mó deiseanna ar fáil do gach duine a gcuid guthanna a úsáid maidir le treoir an Chumainn d'fhonn croí, intinn agus dea-thoil ár gcuid ball agus ár gcuid leantóirí a choinneáil. • Cuirfear níos mó deiseanna ar fáil do dhaoine óga forbairt mar cheannairí agus tionchar a imirt ar dhíospóireachtaí maidir leis na mórcheisteanna comhaimseartha. • Glacfar leis an nGaeilge agus lenár gcultúr ar bhonn níos forleithne ar fud an Chumainn.
5. RIALACHAS AGUS DIBRÍOCHTAÍ **ár rialachas agus ár n-oibríochtaí a nuachóiriú mar chuid d'Aon Chumann Amháin**	• Cuirfear Aon Chumann Amháin ar bun chun na cluichí Gaelacha uile a rialú ar bhonn éifeachtúil agus éifeachtach. • Beidh forbairt tar éis teacht ar ár gcuid struchtúr rialachais le cinntiú go mbeidh seirbhísí riaracháin den chéad scoth á gcur ar fáil do Chlubanna agus do Chontaetha ar bhonn lárnach, cúige agus réigiúnach. • Beidh sé éigeantach ag aonaid agus ag baill cloí le polasaithe lárnacha le hoibríochtaí a chuíchóiriú, lenár ndaoine a chosaint agus le rioscaí rialachais a laghdú. • Beidh 'Foireann' forbartha mar 'Mhol Cumainn' ina mbeidh gach rud ar fáil ann maidir le bainistiú eolais agus anailíse agus cinntí polasaí le cur in iúl.
6. ACMHAINNÍ **inbhuanaitheacht ár gcuid airgeadais, áiseanna agus Cumainn a chinntiú**	• Cuirfear acmhainní ar fáil do Chlubanna mar phríomhaonaid de chuid an Chumainn agus cuifear acmhainní ar fáil do Chontaetha agus do Chúigí ar bhonn níos cothroime. • Spreagfar agus cabhrófar le gach aonad de chuid an Chumainn le hinbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach, de réir ár mbunaidhme agus ár mbunluachanna. • Déanfar forbairt agus banistiú ar áiseanna ar bhealach inbhuanaithe. • Beidh gach aonad de chuid CLG ag obair ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de le tionchar an athruithe aeráide a laghdú.

SLATA TOMHAIS RATHÚLACHTA

Déanfaidh An Coiste Bainistíochta forbairt agus monatóireacht ar shlata tomhais rathúlachta agus ar spriocanna le tionchar an phlean straitéisigh seo a mheas. Samplaí de seo ná baill chláraithe, imreoirí cláraithe, foirne cláraithe, daoine deonacha atá gníomhach, Clubanna comhcheangailte, maoiniú Club, lucht féachana teilifíse srl.

ÁR BHFÍS AGUS ÁR STRAITÉIS

NA PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ

IS IAD SEO A LEANAS ÁR BPRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ UAIDH SEO GO 2026:

2. An méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir i measc imreoirí, cóitseálaithe, réiteoirí agus oifigeach
Líon na n-imreoirí, na gcóitseálaithe, na réiteoirí agus na n-oifigeach atá gníomhach, agus a bheidh gníomhach amach anseo, sna cluichí gaelacha a fhás trí chluichí rialta, sheirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán, dheiseanna leanúnacha foghlama a chur ar fáil agus trí dhíriú ar dhaoine a choinneáil gníomhach sna cluichí.

PRÍOMHTHOGRA – INFHEISTÍOCHT I RÉITEOIRÍ
Soláthar gníomhaíochtaí tacaíochta, meas agus caighdeán na réiteoireachta a dhaingniú do réiteoirí agus d'oifigigh chluiche.

3. Cumann inbhuanaithe ina bhfuil clubanna agus iad faoi bhláth mar chuid lárnach de
An cumann a dhéanamh níos inbhuanaithe trí thús áite a thabhairt d'fhorbairt clubanna, trí obair dheonach a chothú, trí rialachas maidir leis an gcluiche idirchontae a neartú, trínár gcumas tabhairt faoi athruithe daonra a fheabhsú agus trí éiteas forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a ndéanann muid bainistiú ar ár gcuid acmhainní agus ar ár gcuid gníomhaíochtaí.

PRÍOMHTHOGRA – CLÁR NEAMHSPLEÁCHAIS AGUS INBHUANAITHEACHTA DO CHLUBANNA
Clár a chur ar bun a chuireann le agus a neartaíonn cultúr neamhspleáchais agus inbhuanaitheachta do chlubanna, ach go háirithe i réimsí na cóitseála agus forbairt cluichí.



1. Sé chód, cumann amháin
Aon chumann amháin a chur ar bun, i gcomhar leis na cumainn cluichí gaelacha eile, leis an bpeil ghaelach, an iomáint, an chamogaíocht, peil na mban, liathróid láimhe agus cluiche corr a rialú.

PRÍOMHTHOGRA – AON CHUMANN AMHÁIN
Aon chumann amháin atá forásach agus ionchuimsitheach a chur ar bun chun na cluichí gaelacha uile a rialú.


4. Cumann ceangailte agus ionchuimsitheach
Caidreamh níos fearr a fhorbairt idir oifigigh de chuid clg, aonaid, baill agus an pobal i gcoitinne rud a thabharfadh cumann níos éagsúla agus níos ionchuimsithí dúinn ina mothaíonn gach duine go bhfuil áit ann dóibh, go bhfuil glór acu agus gur féidir leo difríocht a dhéanamh.

PRÍOMHTHOGRA- STRAITÉIS DHIGITEACH CUMARSÁIDE
Infheistíocht a dhéanamh i gcur i bhfeidhm straitéis cumarsáide clg, ach go háirithe teicneolaíochtaí digiteacha cumarsáide ar nós foireann a neartaíonn an ceangal idir an cumann agus na baill.

5. Rialachas maith
Struchtúir rialaithe CLG a fheabhsú ag leibhéil lárnacha, cúige agus contae d'fhonn an tacaíocht is éifeachtúla agus is éifeachtaí a chur ar fáil dár gcuid Clubanna, ball agus dár lucht leanúna. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn a chur ar chumas oibrithe deonacha aonaid a rith atá neamhspleách agus a spreagann muinín i measc na mball, a sheasann lenár bpróifíl phoiblí agus a bhfuil muinín ár gcuid páirtnéirí acu.

PRÍOMHTHOGRA – FORBAIRT NA STRUCHTÚR
Struchtúir agus rólanna na n-aonad Lárnach, Cúige agus Contae a fhorbairt d'fhonn seirbhísí tacaíochta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar do Chlubanna agus do Chontaetha.

AONTAS 2026 – **I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH**



Leagtar amach treo fadtéarmach an Chumainn i bPlean Straitéiseach CLG 2022-2026 trí na roghanna a dhéantar ann. Tá spriocanna dearfacha luaite go soiléir ann chomh maith le treoir ar an gcaoi is fearr leis na spriocanna sin a bhaint amach. Mar sin féin, mar chuid den phróiseas feidhmithe is iad coistí, rannóga agus aonaid de chuid CLG a leagfaidh amach na gníomhartha éagsúla a bheidh le déanamh, na spriocanna agus an t-amscála a bhainfidh leo agus cé a bheidh freagrach as iad a chur i gcrích.

AONTAS 2026 – **I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH**

ÁR STRAITÉIS

1. CLUICHÍ

AN TEISPÉIREAS CLUICHÍ IS FEARR AGUS IS FÉIDIR A CHUR AR FÁIL D'IMREOIRÍ AGUS DO LUCHT FÉACHANA

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **Peil Ghaelach agus Iomáint a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir le go gcoinneodh imreoirí orthu ag imirt agus go mbainfeadh an lucht féachana taitneamh as bheith ag breathnú ar na cluichí**
- **A chinntiú go bhfuil líon suntasach cluichí fiúntacha ann d'imreoirí chomh maith le cóimheas cuí cluichí is traenáil le rannpháirtíocht a fheabhsú agus le himreoirí a choinneáil ag imirt**
- **Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní breise chun an iomáint a chosaint agus a fhás**
- **Aidhm, ról agus tionchar an Chumainn san earnáil oideachais a mheas d'fhonn cabhrú le scoileanna agus institiúidí ardoideachais agus breisoideachais na cluichí Gaelacha a chur chun cinn agus chun an ceangal leis an earnáil a neartú, rud a chothódh deiseanna tacaíochta agus infheistíochta lena chéile**

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
1.1 AG FORBAIRT NA GCLUICHÍ	Peil Ghaelach agus Iomáint a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir le go gcoinneodh imreoirí orthu ag imirt agus go mbainfeadh an lucht féachana taitneamh as bheith ag breathnú ar na cluichí	• Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na peile agus na hiomána d'fhonn idirghabhálacha a dhéanfar amach anseo, atá dírithe ar chaighdeán na himeartha a fheabhsú, a threorú. • Tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil agus a mheas maidir le staid na gcluichí bunaithe ar fhianaise a bhailítear le linn gach séasúir. Cabhróidh sé seo leis an gCumann patrúin leanúnacha a aithint, rud a thabharfadh deis déileáil leo mar is cuí. • Contaetha agus forais eile a bhíonn ag eagrú ár gcuid cluichí a spreagadh leis na bealaí a d'fhéadfadh an chaoi a ndéantar sceidealú ar chluichí, ár gcluichí a imeascadh níos fearr leis an saol nua-aimseartha d'imreoirí agus do dhaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach, a thabhairt san áireamh. • Gach aonad a ghríosadh le feidhmiú go réamhghníomhach chun an t-éileamh a bhíonn ar imreoirí a thabhairt san áireamh agus ar an gcaoi gur féidir bainistiú a dhéanamh ar a leithéid le cinntiú go mbíonn an t-eispéireas a bhíonn acu dearfach agus daingean, rud a mheallfadh iad le coinneáil orthu ag imirt níos faide
1.2 CLUICHÍ A CHUR AR FÁIL	A chinntiú go bhfuil líon suntasach cluichí fiúntacha ann d'imreoirí chomh maith le cóimheas cuí cluichí is traenáil le rannpháirtíocht a fheabhsú agus le himreoirí a choinneáil ag imirt	• Oibriú i gcomhar le pleanálaithe cluichí ar bhonn contae le hardchaighdeáin a chur i bhfeidhm maidir le soláthar cluichí ag leibhéal an Chlub • Leagan amach na gcomórtas agus sceidealú na gcluichí a fheabhsú ag leibhéil an Chlub agus an Chontae le séasúir imeartha chothroma agus thaitneamhacha a chinntiú do gach imreoir • Níos mó comórtas idirchontae [2] agus tograí nua atá dírithe ar chluichí a fhorbairt mar is cuí • Conair Imreoirí na gCluichí Gaelacha a chur i bhfeidhm (Féach 2.1 Ag Forbairt Imreoirí)

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
1.3 AN IOMÁINT A FHÁS	Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní breise chun an iomáint a chosaint agus a fhás	• Infheistíocht atá dírithe ar riachtanais a chur ar fáil leis an iomáint i gconteatha Roinn 2 agus Roinn 3 a fhorbairt agus a chur chun cinn. • A chinntiú go bhfuil íosmhéid cluichí agus comórtas Club á gcur ar fáil d'imreoirí agus d'fhoirne ag leibhéil atá oiriúnach dá gcaighdeáin imeartha • Idirghabhálacha oideachais a dhearadh agus a chur ar fáil do chóitseálaithe i gcontaetha áirithe, ina bhfuil togra nua tacaíochta do mheantóirí luaite iontu. • Próifíl na hiomána agus na camógaíochta a ardú trí thógáil ar an stádas oidhreachta cultúir doláimhsithe mar atá sainithe ag UNESCO [3]. • Ciste deontais, de réir critéir cháilitheachta, a chur ar fáil do Chlubanna agus do scoileanna le cur i dtreo trealamh imeartha a cheannach.
1.4 AG COMHOIBRIÚ LEIS AN EARNÁIL OIDEACHAIS	Aidhm, ról agus tionchar an Chumainn san earnáil oideachais a mheas d'fhonn cabhrú le scoileanna agus institiúidí ardoideachais agus breisoideachais na cluichí Gaelacha a chur chun cinn agus chun an ceangal leis an earnáil a neartú, rud a chothódh deiseanna tacaíochta agus infheistíochta lena chéile	• Gabh i mbun plé leis an Roinn Oideachais le síneadh amach na gCluichí Gaelacha ar an gcuraclam scoile a leathnú amach • Infheistíocht a dhéanamh i gcláir agus i bpáirtnéireachtaí reatha a bhfuil d'aidhm acu plé le scoláirí agus le lucht soláthair oideachais bunleibhéil, meánleibhéil agus tríú leibhéil (Féach 4.3 Ag Plé le Daoine Óga) • Níos mó plé a chruthú le múinteoirí agus le hoidí trí fhóraim struchtúrtha do phobail chleachta na foghlama • Iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha na gcluichí Gaelacha sna scoileanna bunaithe ar scálaí tomhais ar leith agus ar shlata tomhais eile

[2] Cuirtear níos mó cluichí sa pheil Ghaelach agus san iomáint atá ar comhchaighdeán ar fáil trí chomórtais idirchontae i measc réigiún áirithe a eagrú. Tá sé de sprioc ag comórtais den chineál seo rannpháirtíocht a mhéadú, líon na ndaoine a éiríonn as a laghdú, agus caighdeáin a fheabhsú.

[3] Sa bhliain 2018, thug UNESCO aitheantas mar ghníomhaíochtaí cultúrtha cosanta don iomáint agus don chamógaíocht. Tugann an t-aitheantas seo feiceálacht, feasacht agus éagsúlacht do na cluichí sin in oidhreacht chultúrtha go hidirnáisiúnta.



ÁR STRAITÉIS

2. DAOINE

TACAÍOCHT DHOSHÁRAITHE AGUS DEISEANNA AR FHORBAIRT PHEARSANTA A CHUR AR FÁIL D'IMREORÍ, DO DHAOINE ATÁ AG FEIDHMIÚ GO DEONACH AGUS DO FHOSTAITHE

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **Cuir ar chumas imreoirí barr a gcumais a bhaint amach trí ardchaighdeán cóitseála, thacaíochtaí d'imreoirí agus dheiseanna ar chluichí a chur ar fáil dóibh**
- **Feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta chun na dualgaisí riaracháin a bhíonn ar oibrithe deonacha a laghdú**
- **Na hacmhainní cuí a sholáthar le painéal na réiteoirí a fhás, leis an gcultúr maidir le meas don réiteoir a chur ina cheart agus le caighdeán na réiteoireachta a fheabhsú**
- **Na cláir fhoghlama uile a dhaingniú agus a chomhordú faoi bhrat aon ionad traenála amháin le cinntiú go mbeidh eispéiris fhoghlama ar ardchaighdeán ag cóitseálaithe, oifigigh, imreoirí, réiteoirí agus ag fostaithe**



ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
2.1 AG FORBAIRT IMREOIRÍ	Cuir ar chumas imreoirí barr a gcumais a bhaint amach trí ardchaighdeán cóitseála, thacaíochtaí d'imreoirí agus dheiseanna ar chluichí a chur ar fáil dóibh	• Bíodh gach polasaí agus clár ag teacht lena bhfuil i gConair Imreoirí na gCluichí Gaelacha, rud a stiúrann Clubanna le bheith ag díriú ar fhorbairt imreoirí • Creatlach oideachais solúbtha, ina bhfuil modúil éagsúa ann, a chur ar bun le líon na gcóitseálathe cáilithe a fhás • Bunéiteas agus na bunphrionsabail na Go Games a athdhearbhú le cinntiú go bhfaigheann gach leanbh am imeartha • Tús a chur le 'Scrúdú Sláinte' don Chlub fud fad an Chumainn le neamhspleáchas agus féin-inbhuanaitheacht a chur chun cinn • Cur chuige atá bunaithe ar mhionsonraí taighde a chur i bhfeidhm le súil a choinneáil ar leibhéil rannpháirtíochta agus le tionchar na gclár a mheas • Modúl maoinithe na gcluichí a nuachóiriú leis an maoiniú a chuirtear ar fáil do thograí a bhaineann le forbairt straitéiseach taobh istigh de chontaetha a ardú, mar shampla, thar thréimhse 3-5 bliana • Clár cothrom tacaíochtaí d'eolaíocht spóirt a chur ar fáil d'fhonn cabhrú le himreoirí barr a gcumais a bhaint amach

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
2.2 AG COSAINT OBAIR DHEONACH	Feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta chun na dualgaisí riaracháin a bhíonn orthu siúd a bhíonn ag feidhmiú go deonach a laghdú	• Na dualgais chomónta riaracháin a bhíonn le déanamh acu siúd a bhíonn ag feidhmiú go deonach sa Chlub agus sa Chontae a shimpliú, mar shampla, Scéim Ciste Gortuithe 'in aghaidh an imreora' a chur i bhfeidhm trí 'Foireann' le ham agus le táillí a shábháil ar Chlubanna [4] • Modúlacha riachtanacha agus roghnacha a chur ar fáil d'fhonn cabhrú le hoibrithe deonacha idirdhealú a dhéanamh idir na tascanna riaracháin 'is gá' a dhéanamh agus na tascanna 'ba chóir' a dhéanamh • Níos mó deiseanna a chruthú do dhaoine óga a bheith ag obair go deonach, mar shampla, foghlaim ar bhonn céimiúil agus conairí ceannaireachta a chur chun cinn • Na cúinsí is cúis leis an ualach oibre reatha a aithint agus a mheas agus polasaithe a chur le chéile le tabhairt faoi na bunhcheisteanna • Na struchtúir agus na rólanna a bhaineann le fórsa saothair CLG a nuachóiriú le déanamh cinnte go bhfuil dóthain acmhainní ann le tacú leo siúd a bhíonn ag feidhmiú go deonach, mar shampla, an luach a bheadh ar mhúnla roinnte maidir le seirbhísí comónta riaracháin ar nós cúrsaí airgeadais agus acmhainní daonna
2.3 AG INFHEISTIÚ I RÉITEOIRÍ	Na hacmhainní cuí a sholáthar le painéal na réiteoirí a fhás, leis an gcultúr maidir le meas don réiteoir a chur ina cheart agus le caighdeán na réiteoireachta a fheabhsú	• Anailís a dhéanamh ar an riachtanas atá ann maidir le tuilleadh acmhainní a chur ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm Straitéis CLG um Fhorbairt Réiteoirí (2018) [5] • Cuir le hacmhainní an Chumainn le go bhféadfaí réiteoirí Club a fhorbairt • Na struchtúir agus na rólanna atá ann do riarachán réiteoirí a nuachóiriú agus ag leibhéil Chontae agus Chúige ach go háirithe • Na hacmhainniú cuí a chur ar fáil le feachtas bliantúil earcaíochta réiteoirí a chur ar bun • Gabh i mbun plé le réiteoirí agus le hoifigigh chluiche chun teacht suas le gníomhartha praiticiúla a d'fheabhsódh an cultúr maidir le meas a léiriú do réiteoirí
2.4 FORBAIRT LEANÚNACH AR DHAOINE	Na cláir fhoghlama uile a dhaingniú agus a chomhordú faoi bhrat aon ionaid traenála amháin le cinntiú go mbeidh eispéiris fhoghlama ar ardchaighdeán ag cóitseálaithe, oifigigh, imreoirí, réiteoirí agus ag fostaithe	• Acadamh foghlama a chur ar bun le bheith i gceannas ar an togra • Taighde a dhéanamh ar pháirtnéireachtaí le hinstitiúidí seachtracha agus le soláthroirí traenála [6]

[4] Tá modúl 'in aghaigh na bhfoirne' i bhfeidhm ag CLG faoi láthair, rud a chiallaíonn go mbíonn táille le híoc ag Clubanna do gach foireann atá cláraithe. Ní bheadh costais bhreise le híoc le haghaidh tuilleadh foirne dá mbeadh modúl 'in aghaidh an imreora' ann.

[5] I mí Dheireadh Fómhair 2018, sheol CLG Plean Forbartha Réiteoirí chun an oiread oifigeach cluiche agus is féidir a earcú agus a choinneáil: https://www.gaa.ie/news/referee-development-plan-unveiled

[6] Is é príomhaidhm na sprice maidir leis an acadamh foghlama ná deiseanna agus eispéiris fhoghlama a fheabhsú, in áit measúnú agus creidiúnú éigeantach a thabhairt isteach dóibh siúd a bhíonn ag feidhmiú go deonach.



ÁR STRAITÉIS

3. CLUBANNA AGUS POBAIL

AG TACÚ LE MARTHANAS AGUS LE FÁS CLUBANNA AGUS POBAL

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **An tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus le hionchuimsiú a chur chun cinn le himreoirí agus baill a ghríosadh le páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí**
- **Dlús a chur faoin tacaíocht a chuirtear ar fáil do Chlubanna atá ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as athruithe daonra ina gcuid pobal áitiúil**
- **An plé le rialtais ag leibhéil lárnacha agus áitiúla a dhéanamh foirmeálta d'fhonn tabhairt faoi spriocanna agus tograí a ghabhfadh chun tairbhe an dá pháirtí, mar shampla, athnuachan uirbeach agus tuaithe, sláinte agus folláine, gníomhaíocht choirp, rannpháirtíocht shóisialta, srl.**
- **CLG a fhás ar bhonn domhanda trí sheirbhísí bainistíochta níos straitéisí agus níos oibríochtúla a chur ar fáil d'aonaid idirnáisiúnta**



ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
3.1 AG CUR CHUN CINN ÉAGSÚLACHTA AGUS IONCHUIMSITHE	An tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus le hionchuimsitheacht [7] a chur chun cinn le himreoirí agus baill a ghríosadh le páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí	• Oibriú i gcomhar le Coistí Bainistíochta ar bhonn Contae le cultúr ionchuimsitheach a chothú i dtimpeallacht Club agus Contae, mar shampla, machnamh a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh le hAmbasadóirí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a cheapadh • Tacú le feidhm CLG maidir le héagsúlacht agus le hionchuimsitheacht le níos mó airde a dhíriú ar chiníochas agus ar na dea-chleachtais a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus le hionchuimsitheacht • Acmhainní a chur ar fáil le cur leis an obair bholscaireachta a dhéantar maidir le teachtaireacht CLG, 'CLG Sin Againne. Tá Áit Dúinn Uilig Ann' chomh maith le Clár a gClubanna Folláine [8] • Cláir thacaíochta de chuid Spórt Éireann a chur i bhfeidhm • Na forais chinnteoireachta a dhéanamh níos éagsúla agus níos cuimsithí agus cothromaíocht inscne níos fearr a bheith ann i measc bhaill na gcoistí • Leas a bhaint as uirlisí agus as tacaíochtaí de chuid Spórt Éireann le rannpháirtíocht i measc páistí, déagóirí, agus aosach óg, iad siúd ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos ísle, daoine atá faoi mhíchumas, an pobal LGBTI+, an lucht siúil agus ó mhionlaigh eitneacha eile a chur chun cinn agus a mhéadú.

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
3.2 AG TEACHT ISTEACH AR ATHRUITHE DAONRA	Dlús a chur faoin tacaíocht a chuirtear ar fáil do Chlubanna atá ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as athruithe daonra ina gcuid pobal áitiúl	• Forbairt a dhéanamh ar an bplé a bhíonn againn leis an rialtas agus ar an gcumas atá againn in anailísíocht sonraí chun na moltaí atá leagtha amach i dTuarascáil um Shraith Straitéisí Déimeagrafacha (2020) a chur i bhfeidhm • An Córas Faisnéise Geografaí (GIS) a leathadh amach ar fud an Chumainn le cur ar ár gcumas tabhairt faoi phleanáil fhorbartha atá dírithe ar fhianaise • Páirtnéireachtaí a chruthú le Coistí Pleanála agus Traenála ag leibhéil Chúige agus Chontae le go bhféadfaí gabháil i mbun plé le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Reachtúla maidir le háiseanna a roinnt • Áiseanna de chuid CLG a fhorbairt agus a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe (Féach 6.3 Áiseanna Sábháilte agus Inbhuanaithe a Bhaint Amach) • Athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir cháilitheachta imeartha na n-imreoirí le ceangail le Clubanna áirithe a thabhairt san áireamh, mar shampla, na féidearthachtaí a bheadh ann ligint d'imreoirí imirt le Clubanna baile a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí taobh istigh den Chontae céanna
3.3 AG NEARTÚ PÁIRTNÉIREACHTAÍ RIALTAIS	An plé le rialtais ag leibhéil lárnacha agus áitiúla a dhéanamh foirmeálta le tabhairt faoi spriocanna agus tograí a ghabhfadh chun tairbhe an dá pháirtí, mar shampla, athnuachan uirbeach agus tuaithe, sláinte agus folláine, gníomhaíocht choirp, rannpháirtíocht shóisialta, srl.	• Tógáil ar na féidearthachtaí i gcomhar leis na Comhairlí Cúige réimsí comónta idir CLG agus na hÚdaráis Áitiúla a fhiosrú, mar shampla, fóillíocht agus forbairt pobal • Bíodh sé tugtha le fios go bhfuil an Cumann oscailte do pháirtnéireachtaí leis an rialtas agus leis na hÚdaráis Áitiúla • Gabháil i mbun plé leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le páirtnéireachtaí féideartha a fhiosrú
3.4 AG FÁS CLG AR FUD AN DOMHAIN	CLG a fhás ar bhonn domhanda trí sheirbhísí bainistíochta níos straitéisí agus níos oibríochtúla a chur ar fáil d'aonaid idirnáisiúnta	• Na hacmhainní a bheadh ag teastáil le go bhféadfadh le CLG tuilleadh seirbhísí a chur ar fáil go hidirnáisiúnta a mheas • Cúnamh a thabhairt d'aonaid idirnáisiúnta gabháil i mbun plé le húdaráis bhardasacha, ranna fóillíochta, agus ambasáidí Éireannacha le teacht ar thacaíocht chathartha ar nós áiseanna imeartha • Bealaí a fhiosrú chun an méid is mó agus is féidir a bhaint as an stádas oidhreachta cultúir agus doláimhisthe de chuid UNESCO atá ag an iomáint agus ag an gcamógaíocht • 'Na Cluichí Domhanda' a eagrú gach trí bliana

[7] Áirítear imeascadh cultúrtha agus ionchuimsiú sóisialta anseo.

[8] Is ceiliúradh é forógra CLG, 'CLG Sin Againne – Tá Áit Dúinn Uilig Ann', ar luachanna roinnte an Chumainn agus ar gach duine is cúis le CLG a bheith mar atá.



ÁR STRAITÉIS

4. CUMARSÁID

AG SAOTHRAÍOCHT AR SON CUMAINN ATÁ NÍOS CEANGAILTE

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **Cultúr réamhghníomhach cumarsáide a fhorbairt ar fud an Chumainn leis an gclú atá orainn a fheabhsú, agus le scéal CLG a insint ar bhealaí nua-aimseartha**
- **Níos mó deiseanna a chur ar fáil do bhaill agus do lucht leanúna ceangailt leis an gCumann agus tionchar a imirt ar athruithe trínár gcuid próiseas cinnteoireachta**
- **Deiseanna breise a thabhairt do dhaoine óga forbairt mar cheannairí agus glór a thabhairt dóibh maidir leis na ceisteanna móra atá os comhair an Chumainn**
- **Ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí sheirbhísí leanúnacha tacaíochta agus oideachais a chur ar fáil do bhaill**



ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
4.1 CUMARSÁID RÉAMHGHNÍOMHACH	Cultúr réamhghníomhach cumarsáide a fhorbairt ar fud an Chumainn leis an gclú atá orainn a fheabhsú, agus le scéal CLG a insint ar bhealaí nua-aimseartha	• Straitéis Cumarsáide CLG (2020) a chur i bhfeidhm le cultúr cumarsáide réamhghníomhach a chinntiú • Rólanna nua a chruthú d'oifigigh chumarsáide agus dhigiteacha ag leibhéil an Chontae agus an Chúige • An stratéis nua dhigiteach, a bhfuil sé d'aidhm aici na teicneolaíochtaí digiteacha is fearr a chur chun tairbhe, a chur i bhfeidhm (Féach 5.4 Ag Infheistiú i Sonraí agus inábhair dhigiteacha)
4.2 AG CEANGAILT LE BAILL AGUS LE LUCHT LEANÚNA	Ceangal níos fearr a bhaint amach le baill agus le lucht leanúna	• Slite a fhiosrú chun na bealaí reatha rochtana a dhéanamh níos oscailte do ghlórtha nua • Teachtaireachtaí agus straitéis bhranda CLG [9] a shíneadh amach chuig níos mó ardán cumarsáide agus é a dhéanamh níos feiceálaí i gClubanna.
4.3 AG PLÉ LE DAOINE ÓGA	Deiseanna breise a thabhairt do dhaoine óga forbairt mar cheannairí agus glór a thabhairt dóibh maidir leis na ceisteanna móra atá os comhair an Chumainn	• Cláracha plé a chur ar bun leis na grúpaí seo a leanas maidir le luachanna CLG: Daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, mic léinn 3ú leibhéal/iar-mheánscoile • Conair do Cheannairí Óga a fhorbairt le ceangal a dhéanamh le cláracha reatha, mar shampla, An Clár Idirbhliana, Ceannairí don Todhchaí, togra Dermot Early maidir le Ceannairí Óga chomh maith leis an gClár Forbartha um Cheannairí Club • Ról for-rochtana do dhaoine óga a chruthú ag leibhéil an Chontae agus an Chlub agus traenáil a chur ar fáil do dhaoine óga faoin 'Creatlach Náisiúnta do Rannphháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinntí a Dhéanamh'
4.4 AG CEILIÚRADH NA GAEILGE AGUS AN CHULTÚIR GHAELAIGH	Ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí sheirbhísí leanúnacha tacaíochta agus oideachais a chur ar fáil do bhaill	• Tacú lenár gcuid Coistí Gaeilge níos mó ábhar Gaeilge a chur ar fáil chomh maith lenár bpríomhacmhainní oideachasúla Gaeilge a phoibliú • Níos mó tacaíochta a chur ar fáil d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le tacú le Clubanna agus le Contaetha ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcuid pobal [10] • Gabháil i mbun plé leis an gComhairle Ealaíon le breathnú ar pháirtnéireachtaí a d'fheabhsódh aidhmeanna cultúrtha an Chumainn, ina n-áireofaí na healaíona traidisiúnta chomh maith le healaíona níos cruthaithí agus ealaíona ina bhfuil níos mó brí ag baint leo • Coistí Cúige agus Contae a spreagadh le Scór a chur chun cinn trí thacú le Babhtaí Ceannais agus campaí samhraidh Scór chomh maith le deiseanna a chruthú do lucht Scór siamsaíocht a chur ar fáil ag cluichí

[9] Is é teachtaireacht bhranda CLG ná 'Where We All Belong / Tá Áit Dúinn Uilig Ann'

[10] Bíonn Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha á riar ag Glór na nGael i gcomhar le CLG agus tá sé dírithe ar Chlubanna ar mhaith leo an Ghaeilge a chur chun cinn.

ÁR STRAITÉIS

5. RIALACHAS AGUS OIBRÍOCHTAÍ

ÁR GCUID RIALACHAIS AGUS OIBRÍOCHTAÍ A NUACHÓIRIÚ MAR CHUID D'AON CHUMANN AMHÁIN

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **Aon Chumann Amháin a chur ar bun a dhéanfadh rialú ar chóid uile na gcluichí Gaelacha: Peil Ghaelach, iomáint, Peil Ghaelach na mBan, camógaíocht, liathróid láimhe agus cluiche corr**
- **Na struchtúir rialachais a fhorbairt ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn seirbhísí riaraháin a chur ar fáil do Chlubanna agus do Chontaetha ar bhealach atá chomh héifeachtúil agus is féidir**
- **Comhlíonadh polasaí agus beartais bhainistíochta riosca a neartú lenár ndaoine, lenár gcluichí agus lenár leanaí, ach go háirithe, a chosaint**
- **Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht dhigiteach agus in anailís sonraí le hoibríochtaí an Chumainn a fheabhsú**



ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
5.1 AG NASCADH CHUMAINN NA GCLUICHÍ GAELACHA	Aon Chumann Amháin a chur ar bun a dhéanfadh cóid uile na gcluichí Gaelacha a rialú: Peil Ghaelach, iomáint, Peil Ghaelach na mBan, camógaíocht, liathróid láimhe agus cluiche corr	• Struchtúir imeasctha inmharthana a aithint i gcomhar le Cumann Peile na mBan, An Cumann Camógaíochta, CLG Liathróid Láimhe agus CLG Cluiche Corr • Fís roinnte a chur ar fáil le haghaidh Aon Chumainn Amháin chomh maith le treochlár lena cur i bhfeidhm • Leanúint ar aghaidh le cláracha oibríochta ar nós Chonair na nImreoirí a chuíchóiriú agus le réiteach a aimsiú ar na mórcheisteanna
5.2 AG FORBAIRT STRUCHTÚR RIALACHAIS	Na struchtúir rialachais a fhorbairt ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn seirbhísí riaracháin a chur ar fáil do Chlubanna agus do Chontaetha ar bhealach atá chomh héifeachtúil agus is féidir	• Na rólanna, an scóip agus na freagrachtaí a bhaineann le haonaid lárnacha, chúige agus chontae a fheabhsú • Modúl seirbhísí roinnte a chur i bhfeidhm a chuirfeadh ar chumas aonad seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do Chontaetha ach go háirithe i réimsí an airgeadais, HR, na tráchtála srl. [11]
5.3 AG COSAINT DAOINE	Comhlíonadh polasaí agus beartais bhainistíochta riosca a neartú lenár ndaoine, ár gcluichí agus ár leanaí ach go háirithe, a chosaint	• Comhlíonadh iomlán a chinntiú maidir leis na freagrachtaí reachtúla Cosanta Leanaí atá ag an gCumann, i ngach dlínse • Tús a chur le scéim spreagtha dóibh siúd a chloíonn le caighdeáin rialachais ardtosaíochta, mar shampla, cosaint leanaí, cúrsaí airgeadais, sláinte agus sábháilteacht, srl. • Tús a chur le traenáil éigeantach i réimsí criticiúla rialachais agus riaracháin • Úsáid a bhaint as córas bainistíochta airgeadais uilíoch in aonaid uile an Chumainn • Tacú le Coistí Iniúchta agus Riosca ag leibhéil an Chontae agus an Chúige d'fhonn na prionsabail dhea-chleachtais maidir le rialachas a chur chun cinn agus a neartú de shíor, chomh maith le caighdeáin rialachais a fheabhsú ar fud an Chumainn
5.4 INFHEISTIÚ I SONRAÍ AGUS I GCÚRSAÍ DIGITEACHA	Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht dhigiteach agus in anailís sonraí le hoibríochtaí an Chumainn a fheabhsú	• Straitéis dhigiteach nuálach atá dírithe ar chumarsáid dhigiteach, ar na meáin shóisialta, ar anailísíocht sonraí agus ar theicneolaíochtaí soghluaiste agus scamaill a dheradh agus a chur ar fáil • Teicneolaíochtaí digiteacha a aimsiú agus a úsáid a dhéanann sreabhta oibre uathoibríoch d'fhonn an t-am a chaitheann daoine atá ag feidhmiú go deonach agus fostaithe ar obair riaracháin a laghdú • Infreastruchtúr maidir le bainistíocht faisnéise a fhorbairt d'fhonn pleanáil, cinnteoireacht agus tuairisciú a éascú trí shonraí ar ardchaighdeán a úsáid. • Córais, próisis agus traenáil a fheabhsú d'fhonn an bhainistíocht a dhéantar ar shócmhainní faisnéise ina n-áirítear sonraí, cáipéisí, miontuairiscí cruinnithe, staitisticí, íomhánna agus físeáin, a fheabhsú

[11] Bheadh acmhainní daonna agus airgeadais á gcur ar fáil ag modúl seirbhísí roinnte trí chur chuige réigiúnach.

ÁR STRAITÉIS

6. ACMHAINNÍ

INBHUANAITHEACHT ÁR GCUID AIRGEADAIS, ÁISEANNA AGUS CUMAINN A CHINNTIÚ

ACHOIMRE AR AN MÉID A BHEIDH IDIR LÁMHA AGAINN

- **Aird agus acmhainní uile an Chumainn a dhíriú ar fhás Clubanna an athuair mar phríomhaonaid is de chuid an Chumainn**
- **Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a bhaint amach le híoc as reáchtáil laethúil agus fás straitéiseach an Chumainn**
- **A chinntiú go ndéantar forbairt agus bainistíocht ar áiseanna CLG ar bhealach inbhuanaithe**
- **Bíodh gach aonad cóirithe le go bhféadfaidís feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de le tionchar an athraithe aeráide a laghdú ar aonaid de chuid CLG agus ar an tsochaí i gcoitinne**

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
6.1 AG COTHROMÚ INFHEISTÍOCHT CHLUB-CHONTAE AN ATHUAIR	Dírigh aird agus acmhainní an Chumainn ar fad ar fhás clubanna an athuair mar phríomhaonaid de chuid an Chumainn	• Breis maoinithe Club a chur ar fáil le cabhrú le tionscadail fhorbartha Clubanna, mar shampla, ardú €5 milliún a chur leis an gCiste um Fhorbairt Clubanna gach bliain agus scéim deontais na gClubanna a oscailt an athuair • Tús a chur le córas creidiúnaithe ag leibhéal idirchontae, rud a thabharfadh spreagadh chun caighdeáin áirithe a bhaint amach maidir leis an rialachas a dhéantar ar bhuiséid foirne, maidir le cairteacha foirne, ceapacháin foirne cúlbhainistíochta, leas imreoirí agus cleachtais maidir le heolaíocht spóirt, srl. • Modúl deontais atá bunaithe ar riachtanais a chur ar bun do Chlubanna agus do Chontaetha • Fad an fhéilire reatha idirchontae a chosaint [12] agus rialú a dhéanamh ar mheánlíon uaireanta ar féidir teagmháil a dhéanamh le himreoirí • Cloígh le séasúr díomhaoin oifigiúil ó ghníomhaíochtaí Idirchontae d'imreoirí trí bheith ag obair le Cumann na nImreoirí agus le Coistí Contae • Ráiteas staide a aontú ina bhfuil achoimre ar pholasaí an Chumainn maidir le ceapacháin bainisteoirí Club agus Contae

ÁBHAR	RÉITEACH	MAR A DHÉANFAIMID É
6.2 INBHUANAITHEACH AIGEADAIS A BHAINT AMACH	Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a bhaint amach le híoc as reáchtáil laethúil agus fás straitéiseach an Chumainn	• Córais airgeadais agus nósanna imeachta a chaighdeánú ar fud aonaid uile an Chumainn, mar shampla, córas cuntasaíochta uilíoch a úsáid agus an Ciste Sochar Gortuithe a chuíchóiriú do CLG, do Chumann Peile na mBan agus don Chumann Camógaíochta • Oibriú i gcomhar le Coistí Iniúchta agus Rioscaí i ngach Contae le rioscaí maidir le rialachas airgeadais a aithint agus a laghdú • Pleanáil don airgead a bheadh ag teastáil le hAon Chumann Amháin a chur ar bun • Nasc a chruthú idir deontais agus iasachtaí agus caighdeáin mhaithe rialachais a bheith á chur i bhfeidhm, gach bliain • Meicníocht réamhrabhaidh a chur ar bun le haonaid atá ar an anás a aithint • Modúl maoinithe dearlaice a chur ar bun, rud a spreagfadh aonaid le hinfheistiú a dhéanamh i dtionscadail straitéiseacha • Teacht isteach tráchtála an Chumainn a fhás – trí pháirtnéireachtaí urraíochta comhfhiontair le clann na gCluichí Gaelacha ach go háirithe – d'fhonn tacú le tosaíochtaí straitéiseacha
6.3 ÁISEANNA SÁBHÁILTE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH	A chinntiú go ndéantar forbairt agus bainistíocht ar áiseanna CLG ar bhealach inbhuanaithe	• Faigh amach cad iad na háiseanna atá ar fáil agus atá ag teastáil ar fud an Chumainn, mar shampla, measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus ar an luach a bhainfeadh le páirceanna imeartha 4G • Gabháil i mbun plé le rialtais áitiúla i gcomhar leis na Comhairlí Cúige, le háiseanna roinnte a fháil • Acmhainní agus cás-staidéir a fhorbairt agus a scaipeadh trí Oifigigh agus trí Choistí Contae Sábháilteachta agus Áiseanna, maidir le háiseanna a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn sábháilte agus inbhuanaithe, mar shampla, tairiscintí a lorg, maoiniú, sláinte agus sábháilteacht srl. • Maoirseacht tionscadal agus treoir a fhorbairt, rud a chinnteodh cur i bhfeidhm dea-chleachtais maidir le cúrsaí soláthair, buiséadaithe agus tionscadal faomhaithe
6.4 I DTÚS CADHNAÍOCHTA MAIDIR LE HINBHUANAITHEACHT TIMPEALLACHTA	Bíodh gach aonad cóirithe le go bhféadfaidís feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de le tionchar an athraithe aeráide a laghdú ar aonaid de chuid CLG agus ar an tsochaí i gcoitinne	• A chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil do Chlár na gClubanna Glasa do na Cluichí Gaelacha agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm • Na bealaí gur féidir le CLG tacú leis na cuspóirí agus na spriocanna atá luaite i Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a fhiosrú • Na tacaíochtaí inmheánacha agus seachtracha atá ar fáil do gach aonad a chur chun cinn d'fhonn an bhuanaitheacht maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn siad a fheabhsú • A dhéanamh cinnte go gcoinneoidh staid Pháirc an Chrócaigh agus staideanna eile de chuid CLG orthu a bheith i dtús cadhnaíochta ar bhonn domhanda maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta

[12] Mairfidh an séasúr Idrichontae 26 seachtain i 2022. Mhair sé 35 seachtain i 2017.

ÁR BPLEAN FEIDHMITHE

Is iomaí eagraíocht a leanann cur chuige ‘pleanáil ar dtús agus cuir i bhfeidhm ina dhiaidh’ maidir le pleanáil straitéiseach. Caitheann siad go leor ama ar an straitéis is fearr agus is féidir a chur le chéile ach caitheann siad le cur i bhfeidhm an phlean mar athsmaoineamh. Is cur chuige dainséarach é seo, áfach, mar ní hionann cur i bhfeidhm straitéisí agus sraith shimplí gníomhartha. De réir na taithí atá againne, teastaíonn na nithe seo a leanas le cinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm éifeachtach ann:

- Próiseas pleanála straitéiseach agus ionchuimsitheach, a thugann seans do gach duine a gcuid smaointe a chur san áireamh, a stiúradh.
- A dhéanamh cinnte go bhfuil an plean féin agus mar a chuirfear i bhfeidhm é ríshoiléir.
- Cumas na n-oibrithe deonacha agus na bhfostaithe maidir le cur i bhfeidhm na straitéise nua a mheas.
- Tarmligean soiléir a dhéanamh ar na postanna éagsúla a bheidh le déanamh tar éis don straitéis a sheoladh.
- Monatóireacht mhíosúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise chomh maith le hathbhreithniú foirmeálta a dhéanamh uirthi gach trí mhí.
- A bheith solúbtha maidir le hathruithe sna tosaíochtaí agus an chaoi ina dtugtar fúthu a chur i bhfeidhm.

Cuireadh na nithe sin thuas ar fad san áireamh sa phróiseas pleanála ón tús. Ar a bharr sin, chuir an Coiste Stiúrtha cúram ar bhaill foirne áirithe na riachtanais, a rabhthas ag súil leo, a bhainfeadh lena chur bhfeidhm a aithint chomh maith le liosta moltaí gnímh a chur le chéile sna réimsí seo a leanas; struchtúir, rólanna, acmhainní, pleanáil oibríochta, cumarsáid, agus cultúr.

In ainneoin bhuntáistí na dteicnící bainistíochta seo, tá rathúlacht na straitéise ag brath ar mhuintir CLG.

Tar éis don Choiste Bainistíochta na smaointe sin agus na tuarascálacha meastóireachta ó phleananna straitéiseacha eile a rinneadh cheana a thabhairt san áireamh, tá siad tiomanta do na nósanna imeachta feidhmiúcháin seo a leanas:

- Coiste Feidhmiúcháin a chur ar bun don phlean straitéiseach, ina mbeidh an tUachtarán ina Chathaoirleach air, le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise ar bhonn ráithiúil.
- Athbheithniú ar a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomhar le Coistí Bainistíochta agus le Feidhmeannaigh Fhoirne go rialta.
- Gach Coiste a spreagadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid Téarmaí Tagartha agus iad a athrú le go mbeadh siad ag teacht leis an bplean straitéiseach.
- Cruinnithe rialta a eagrú le Cathaoirligh Lár-Choistí le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus le teacht ar dheiseanna comhoibrithe maidir le haidhmeanna comónta.
- Gach Rannóg, Comhairle Cúige agus Coiste Contae a ghríosadh le pleananna gníomhaithe a chur ar fáil ina luaitear na bealaí a bhfuil sé i gceist acu teacht le, agus tacú le, cur i bhfeidhm straitéis an Chumainn.
- Uasdátú maidir le dul chun cinn a chur ar fáil gach bliain i dTuarsacáil an Ard-Stiúrthóra don Chomhdháil Bhliantúil.
- Athbhreithniú lár théarma a chur ar fáil i 2024.

In ainneoin bhuntáistí na dteicnící bainistíochta seo, tá rathúlacht na straitéise ag brath ar mhuintir CLG. Mar dhaoine daonna, tá muid i bhfad níos éagsúla agus i bhfad níos dothuartha ná mar a bhítear ag súil leis i bpleananna straiséiseacha. Is fearr linn a bheith ag tiomáint ag ár rogha luais féin, inár rogha féin treo agus ní maith linn nuair a bhíonn an carr taobh thiar dínn agus tiomáint róghar dúinn, ag cur isteach ar an gcaoi a dtiománann muid. Ba bhreá linn, mar sin féin, go spreagadh an fhís atá leagtha amach sa phlean straitéiseach seo daoine le teacht ar bord linn ar an turas, agus cabhrú linn an fhís chomónta atá forbartha againn a fhíorú.

Iarrtar ar gach aonad, ball, leantóir agus páirtnéir de chuid CLG a machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís cabhrú le cur i bhfeidhm an chuspóra agus na luachanna, na físe agus na spriocanna straitéiseacha, faoi mar atá siad leagtha amach sa cháipéis seo. Iarrtar ar gach Comhairle Cúige, Coiste Contae agus Club, ach go háirithe, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéis seo. Iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar an tiomantas atá acu maidir leis an gcuid de straitéis an Chumainn a bhaineann leo féin, agus cén chaoi a bhféadfaidís í a nascadh isteach ina gcuid pleananna straitéiseacha agus oibríochta féin.

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANSEO
SAN ÁIT ÁIRITHE SEO
ANOIS
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANSEO
BEAG BEANN AR CÉ MUID FÉIN NÓ CÁ AS MUID
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANSEO DE BHARR GO
BHFUIL MUID ANSEO
IS IONANN ÁIT A BHEITH DÚINN UILIG ANSEO
AGUS MUID A BHEITH MAR CHUID DE PHOBAL
POBAL INA BHFUIL RÓL AGAINN UILIG ANN
ÁIT A GCOTHAÍTEAR POITÉINSIÚIL
AGUS TALLANN
ÁIT A NDÉANTAR FOIRNE DE DHAOINE
A THUGANN ONÓIR DO OIDHREACHT NA
NDAOINE A D’IMIGH ROMPU
AGUS A DHÉANANN A NDÍCHEALL
OIDHREACHT DÁ GCUID FÉIN A CHRUTHÚ
IMRÍONN CUID AGAINN
D’IMRÍODH CUID EILE AGAINN
NÍOR IMIR CUID AGAINN ARIAMH
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
IS IONANN ÁIT A BHEITH DÚINN UILIG ANN AGUS GLÓR
A BHEITH AGAINN UILIG ANN
IS IONANN É AGUS CEAD A BHEITH AGAINN AN RUD A CHEAPANN
MUID
A BHEITH CEART, A RÁ
ÁIT A N-ÉISTEAR LINN
IS IONANN ÁIT A BHEITH ANN DÚINN UILIG
AGUS MEAS A BHEITH AGAINN AR A CHÉILE
IS IONANN É AGUS A BHEITH ANN DÁ CHÉILE
NUAIR ATÁ MUID AR AN BPÁIRC IMEARTHA
AGUS NUAIR NACH BHFUIL
MUID AR AN BPÁIRC IMEARTHA
IS IONANN ÁIT A BHEITH DÚINN UILIG ANN
AGUS ÁR GCUID MUINCHILLÍ A THRUSÁIL
AGUS CIBÉ RUD ATÁ LE DÉANAMH AGAINN A DHÉANAMH
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN, IS CUMA CÉ ACU ÁR
GCÉAD LÁ É NÓ ÁR GCÉADÚ BLIAIN É
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANSEO
MAR IS LINNE UILIG AN ÁIT SEO
CLG
SIN AGAINNE
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
GAA

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

LÉARGAS GINEARÁLTA AR BHAILL AN GHRÚPA STIÚRTHA AGUS AR AN BPRÓISEAS PLEANÁLA

BAILL AN GHRÚPA STIÚRTHA

LABHRÁS MAC CÁRTHAIGH
(UACHTARÁN CLG)

Is é Labhrás Mac Cárthaigh 40ú Uachtarán Chumann Lútchleas Gael. Is é an chéad oifigeach tofa ó aonad thar lear a toghadh mar Uachtarán CLG. Bhí sé ina ollamh ag Scoil Ghnó Stillman in Ollscoil Seton Hall, New Jersey, idir 1998 agus 2021, áit ar dhírigh sé isteach ar mhargaíocht agus ar bhainistíocht spóirt. As cathair Chorcaí ó dhúchas dó, is iar-Chathaoireach é ar Chumann Peile Shligigh i Nua-Eabhrac, iar-Chathaoirleach agus iar-Rúnaí ar Bhord CLG Nua-Eabhrac, chomh maith le bheith ina iar-Rúnaí ar Choiste Forbartha Pháirc na nGael. Bhuaigh Labhrás bonn craoibhe club uile-Éireann le Coláiste Thuamhan sa bhliain 1978.

CONOR MCCARTHY
(Ó DONNABHÁIN ROSSA, CORCAIGH)

Is é Conor an Ceannasaí ar People and Change Consulting thar ceann KPMG in Éirinn. Chaith sé dhá bhliain le EY. Bhí sé féinfhostaithe ar feadh dhá bhliain agus chaith sé 11 bliain ag plé le baincéireacht chorparáideach. D'imir Conor peil lena chlub Ó Donnabháin Rossa idir 1998 agus 2020 agus d'imir sé le foireann shinsir Chorcaí idir 2003 agus 2009. Chuir sé Cairde Chorcaí ar bun atá comhtháite mar One Cork anois. Tá meascán de thaithí chomhairleach agus chomhairliúcháin ag Conor.

AN TOLLAMH DAVID HASSAN
(NAOMH MUIRE, BEANNCHAR, DOIRE)

Tá an tOllamh David Hassan ina Chathaoirleach agus ina Ollamh ar Pholasaí agus Bainistíocht Spóirt in Ollscoil Uladh. Chomh maith leis sin, tá sé ina Dhéan Comhlach ar Dhámh na Beatha agus Eolaíochtaí Sláinte agus ina Phríomh-Chomhalta ar an Acadamh Ardoideachais. Is iarcheapachán Uachtarántachta é ar Choiste Bainistíochta Chomhairle Uladh (2017-2019); iar-Chathaoirleach ar an mBuanchoiste um Rialacha Imeartha (2018-2021) (ceapadh é don ról seo an athuair i mí Feabhra 2021) agus is iar-Chathaoirleach ar Choiste Pleanála Straitéisí do straitéis trí bliana Chomhairle Uladh a foilsíodh le gairid. Is iariománaí agus iarpheileadóir idirchontae é lena chontae dúchais, Doire.

AN DOCHTÚIR ELISH KELLY
(NA PIARSAIGH, ROS COMÁIN)

Is Oifigeach Taighde Sinsearach í an Dochtúir Elish Kelly ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Is Ollamh Taca Comhlach í sa Roinn Eacnamaíochta i gColáiste na Tríonóide chomh maith, agus is Comhalta Taighde í san Institiúid Eacnamaíochta Oibre (IZA) in Ollscoil Bonn. D'imir Elish peil Ghaelach (Idrichontae, Club, Coláiste, Scoil) agus d'imir sí beagáinín camógaíochta, freisin (Club, Scoil). Le linn di a bheith ag imirt, bhuaigh sí roinnt comórtas Idirchontae, Club agus coláiste idir 1992 agus 2007. Bhí Elish mar phríomhthaighdeoir sa dá staidéar is déanaí a rinneadh i dtaca le himreoirí Sinsir Idirchontae (2018 agus 2019), a ndearna CLG agus Cumann na nImreoirí Gael coimisiúnú orthu.

PAT GILROY
(NAOMH UINSIONN, ÁTH CLIATH)

D'oibrigh Pat Gilroy in os cionn 40 tír in earnálacha na dramhaíola, an uisce, an fhuinnimh agus na tógála le 30 bliain anuas. Tá a shaol caite ag Pat i gCumann Lúthchleas Gael - idir an iomáint agus an pheil – mar imreoir Club, mar oifigeach, mar imreoir Idirchontae agus mar bhainisteoir. Tá sé bainteach le bainistíocht fhoireann camógaíochta Naomh Uinsionn faoi láthair.
Is iomaí ceannachán, cumasc agus gnólacht nuathionscanta i réimse leathan cultúr, a bhí i saol gnó Pat. Chaith sé cuid mhaith dá shaol oibre ag obair leis an gcomhlacht Francach ilnáisiúnta, Veoila, agus bronnadh an onóir 'Chevalier de L'ordre du Merit' air mar aitheantas ar a ról le Veolia agus ar an éacht a rinne sé Corn Shomhairle Mhig Uidhir a bhuachan le hÁth Cliath mar bhainisteoir sa bhliain 2011. Is ball de chuid Údarás Ceannais OCBÁC é Pat chomh maith agus is iar-chomhalta boird é de chuid SEAI.



PAUL FOLEY
(TOBAR PHÁDRAIG, LUIMNEACH)

Tá Paul Foley ag obair i réimse na pleanála straitéisí le foireann JP McManus. Roimhe seo, bhí sé ina Stiúrthóir agus ina Fheidhmeannach Sinsearach le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, áit ar oibrigh sé ar feadh 30 bliain. D'imir Paul iomáint le Luimneach agus le Tobar Phádraig ag gach leibhéal agus is iar-Chathaoirleach Club é. Chaith sé seal ceithre bliana ar Chomhairle CLG na Mumhan sular toghadh é ar an Ard-Chomhairle sa bhliain 2020.

SHANE FLANAGAN
(DROICHEAD BHAILE SHEÁIN, CILL DARA)

Is é Shane Flanagan Stiúrthóir Cóitseála agus Forbartha Cluichí CLG agus tá sé freagrach as treo straitéiseach fhorbairt na gcluichí a stiúradh ag gach leibhéal de chuid an Chumainn. Thosaigh sé ag obair leis an gCumann sa bhliain 2004 mar Oifigeach Polasaí agus Pleanála tar éis dó a bheith ag obair le Meteor Mobile Communications mar Oifigeach Ceannaithe Suíomhanna agus Réadmhaoine. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina Bhainisteoir Cluichí Cúige agus ina Bhainisteoir Oibríochtaí le CLG Chomhairle Laighean idir na blianta 2006 agus 2020. Chaith sé tréimhsí áirithe ar go leor lárchoistí éagsúla. As Droichead Bhaile Sheáin ó dhúchas dó, is é bainisteoir reatha fhoireann shinsir an Chlub.

TIM MURPHY
(BROSNACH, CIARRAÍ)

Bhí Tim Murphy ina Chathaoirleach ar CLG Chiarraí ar feadh cúig bliana idir 2016 agus 2021. Roimhe sin, bhí ina Oifigeach Forbartha Contae ar feadh cúige bliana. Bhí sé ina bhall de Choiste Pobal, Tuaithe agus Uirbeach CLG a d'eisigh Tuarascáil chuimsitheach Dhéimeagrafach le gairid agus a cuireadh faoi bhráid an Choiste Bainistíochta. Bhí sé ina imreoir, ina mheantóir agus ina riarthóir lena Chlub, Brosnach, i gContae Chiarraí agus chaith sé 11 bliain mar Chathaoirleach ar an gclub sular thosaigh sé bheith rannpháirteach ar Bhord Contae Chiarraí. Is Suirbhéir Cainníochta Cairte / Bainisteoir Tionscadail é Tim a bhfuil a chleachtas proifisiúnta féin aige.

TOMÁS Ó RIAIN
(ARD-STIÚRTHÓIR CLG)

Is é Tomás Ó Riain 19ú Ard-Stiúrthóir CLG. Thosaigh sé ag obair le foireann CLG mar Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2007 agus ceapadh é ina Ard-Stiúrthóir sa bhliain 2018. Bhí sé ina bhall de roinnt coistí ar nós Airgeadais, Inúchta agus Riosca, agus an Coiste Bainistíochta ó 2011 i leith. Is ball agus oifigeach gníomhach é de chuid Chumann Fhág a Bealach in Áth Cliath. Cuntasóir Cairte an ghairm atá ag Tomás.

RUAIRÍ HARVEY
(BAINISTEOIR FORBARTHA EAGRAÍOCHTA CLG)

Is é Ruairí Harvey Bainsiteoir Forbartha Eagraíochta CLG agus tá sé freagrach as traenáil na n-oifigeach agus pleanáil straitéiseach ag gach leibhéal de chuid an Chumainn. Roimhe seo, bhí sé mar Oifigeach Leasa Imreoirí agus Cluichí idir 2012 agus 2015. Bhí sé ina Rúnaí ar an Lárchoiste Éisteachta, chomh maith leis an gCoiste Leighis, Eolaíochta agus Leasa le linn an ama sin. D'imir Ruairí lena Chlub dúchais i nDún na nGall, Aodh Rua Cúil na gCuirdín, agus bhí sé ina OCP leo, freisin. Is le Baile Bachaille in Áth Cliath atá sé ag imirt anois.

ACHOIMRE AR AN BPRÓISEAS PLEANÁLA

D'aontaigh an Coiste Stiúrtha ar na prionsabail seo a leanas maidir le dearadh na straitéise ag tús an phróisis phleanála, agus d'aontaigh siad na prionsabail sin a úsáid lena dtreorú maidir le tosaíochtaí straitéise:

Ailíniú
Ní mór do gach Club, Contae agus Cúige teacht leis an straitéis.

Dánacht
Ní mór dúshlán a bheith ag baint leis an straitéis don Chumann lena cur i gcrích.

Fás
Ní mór don straitéis oibrithe deonacha agus fostaithe an Chumainn a fhás agus a fhorbairt.

Diagnóis Shoiléir
Ní mór dianmhachnamh a bheith déanta ar an straitéis agus ní mór di a bheith bunaithe ar fhianaise.

Rannpháirtíocht
Ní mór don straitéis na deiseanna le páirt a ghlacadh i CLG a fheabhsú.

Príomh-Chuspóir
Ní mór don straitéis ár bpríomhchuspóir agus ár ngíomhaíochta a athneartú.

Mar atá luaite i gcorp na cáipéise seo, thug an Coiste Stiúrtha faoi chlár cuimsitheach taighde a dhéanamh, ina dhiaidh sin, ina raibh daoine páirteach ann ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn na príomhcheisteanna atá roimh an gCumann a aithint. San áireamh sa phróiseas sin bhí:

150 AIGHNEACHT PHEARSANTA

15K FREAGRA SUIRBHÉ

80 AIGHNEACHT Ó GHRÚPAÍ

20 ATHBHREITHNIÚ AR CHÁIPÉISÍ

12 FÓCASGHRÚPA

GO LEOR LÉIRITHE

ACHOIMRE AR AN BPRÓISEAS PLEANÁLA

Na Páirtithe Leasmhara:

- Imreoirí Club agus Contae
- Oifigigh Chlub agus Chontae
- Cóitseálaithe/Bainisteoirí Club agus Contae
- Baill Óige
- Baill Chlub – an méid thuasluaite móide Réiteoirí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí srl.
- Forais agus Coistí CLG
- Foireann CLG
- Cumann Peile na mBan agus An Cumann Camógaíochta
- Cumann na nImreoirí
- Urraitheoirí CLG
- Meáin Chumarsáide CLG
- Spórt Éireann



I measc na gcáipéisí a ndearnadh athbhreithniú orthu bhí:

BLIAIN	TEIDEAL	CUS SÍOS
2021	POLASAÍ NÁISIÚNTA SPÓIRT, PLEAN GNÍMH SPÓRT 2021 – 2023	Luaitear 40 togra ar leith sa phlean seo a chinnteoidh go sáróidh an earnáil spóirt na dúshláin a eascraíonn as COVID-19 agus an chaoi a bhforbróidh an phaindéim uaidh seo go ceann trí bliana.
2021	LUACHÁIL: PLEAN STRAITÉSIEACH CLG 2018-2021	Déanann an cháipéis seo luacháil ar an gcaoi ar cuireadh an plean straitéiseach deireanach a bhí ag an gCumann i bhfeidhm.
2020	STRAITÉIS CUMARSÁIDE CLG	Tugann an straitéis seo eolas faoi chur chuige fadtéarmach an Chumainn maidir leis an gceangal le baill a fheabhsú, dea-cháil an Chumainn a chosaint agus scéal CLG a insint ar bhealaí úra.
2020	TUARASCÁIL DHÉIMEAGRAFACH CLG	Déanann an tuairisc seo doiciméadú ar na torthaí agus ar na moltaí a d'eascair as scéim phíolótach dhá bhliana maidir le huirlis mhapála córas faisnéise geografaí a úsáideadh i gceithre chontae.
2019	AG COSAINT LÚTHCHLEASAITHE AMAITÉARACHA: INIÚCHADH AR LEAS IMREOIRÍ I MEASC IMREOIRÍ SINSIR IDIR-CHONTAE	Is é seo an dara staidéar de chuid an ESRI le scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag leibhéil tiomantais na gcluichí amaitéaracha ar shaolta imreoirí.
2018	AG IMIRT CLUICHÍ GAELACHA SINSIR IDIR-CHONTAE: EISPÉIRIS, FÍRINNÍ AGUS IARMHAIRTÍ	Tá mionsonraí á n-úsáid sa staidéar seo, a choimisiúnaigh CLG agus Cumann na nImreoirí Gael, ó shuirbhé a rinneadh ar imreoirí 2016 d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an tiomantas a theastaíonn le cluichí Gaelacha sinsir idir-Chontae a imirt. Chomh maith leis sin, tá na mionsonraí a n-úsáid le breathnú ar an tionchar a bhíonn ag an tiomantas sin ar shaolta pearsanta agus oibre na n-imreoirí agus ar an mbaint atá acu lena gClubanna.
2018	COISTE I DTREO 2034	Samhlaítear treo straitéiseach CLG faoin mbliain 2034 sa cháipéis seo.
2018	ANAILÍS AR SHUIRBHÉ CLUB CLG	Déantar anailís ar thorthaí mórshuirbhé a rinneadh ar gach Club CLG maidir leis na príomhdhúshláin agus na deiseanna atá amach rompu sa cháipéis seo.
2018	TUARASCÁIL AN CHOISTE UM ATHBHREITHNITHE POLASAÍ	Aithnítear na príomh-mholtaí ó thuarascálacha CLG nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine le fiche bliain anuas sa cháipéis seo.
2018	POLASAÍ NÁISIÚNTA SPÓIRT 2018-2027	Tugtar comhthéacs polasaí maidir leis an gcaoi ina mbeidh spóirt Éireannacha ag feidhmiú uaidh seo go ceann deich mbliana.

Rinne an Coiste Stiúrtha códáil agus measúnú córasach ar an eolas a bailíodh le linn roinnt cruinnithe. As sin, aithníodh príomhréimsí fócais, deacrachtaí agus ceisteanna a cuireadh le chéile i bpaipéar comhairliúcháin.

Cuireadh suirbhé poiblí le chéile ansin, leis 'an áit a bhfuil an Cumann anois', dar leis an gCoiste Stiúrtha, a dheimhniú. Cuireadh an suirbhé le chéile, freisin, le cabhair bhaill an Chumainn a fháil maidir leis an gcineál Cumainn atá uainn amach anseo agus maidir leis an gcaoi ar cheart dúinn tabhairt faoina leithéid a bhaint amach. Mheall an suirbhé líon ard freagraí – 15,300 ar fad. Rinne Aonad KPMG um Fhaisnéis Gnó anailís phroifisiúnta ar na freagraí sin agus rinne an Choiste Stiúrtha dianphlé ansin air, mar chuid de cheardlann dhá lá i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba é an tOllamh Brian Leavy (Ollamh Emeritus Straitéise ag Scoil Ghnó OCBÁC) a stiúraigh agus a bhí mar chomháisitheoir ar an gceardlann.

AGUISÍN 2

ROGHA TORTHAÍ ÓN TAIGHDE

Tá na sleachta agus na ráitis seo a leanas ionadaíoch ar rogha freagraí a fuair muid sa taighde agus ar na fócasghrúpaí agus ar an suirbhé poiblí, ach go háirithe. Cabhraíonn siad linn bunús na spriocanna atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a mhíniú:

CUSPÓIR AGUS LUACHANNA

"Ní mór dúinn an t-éiteas bunriachtanach deonach agus Gaelach atá againn a choinneáil. Bunaíodh an Cumann leis an deonachas mar bhunchloch againn agus ba chóir go mbeadh sé seo mar éiteas sonrach againn. Déanann an tiomantas a thugann muid don Ghaeilge agus don chultúr difriúil muid agus taispeánann sé go bhfuil ár n-oidhreacht, luachanna , pobail agus ár stair tábhachtach dúinn."

"Ba chóir go mbeadh ár stádas amaitéarach dosháraithe toisc gur léiriú é ar cé muid féin."

CLUICHÍ

AG FORBAIRT NA GCLUICHÍ

"Anailís chriticiúil ar chaighdeán reatha ár gcluichí ó Idir-Chontae go naíolann. An bhfuil muid ag forbairt na gcluichí ar bhealach a chloíonn le hionracas agus le luachanna an Chumainn? Cá bhfeiceann muid na cluichí i gceann 5, 20 nó 50 bliain? Cad a chaithfidh muid a dhéanamh lenár gcluichí a chosaint faoi láthair agus lena bhforbairt amach anseo?"

AG CUR CLUICHÍ AR FÁIL

Cheap beagnach 60% de na daoine a líon isteach an suirbhé go mbeadh leithéidí séasúr díomhaoin soiléir tábhachtach chun na cluichí Gaelacha a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir d'imreoirí fásta. Cheap 50% acu gur cheart go mbeadh cothromaíocht níos fearr idir líon na seisiún traenála agus líon na gcluichí.

"An séasúr scartha a chur i bhfeidhm ina iomláine agus gach dícheall a dhéanamh an méid is mó ama agus is féidir a choinneáil do Chlubanna. Is é an Club bunchloch an Chumainn agus is ar na cluichí a mhaireann siad. Níl aon ghá le Cumann muna bhfuil cluichí ann. Ní mór dúinn ár gcuid fuinnimh ar fad a dhíriú ar chluichí a chur ar fáil dár gcuid ball ó léibhéil páistí, ógánach go daoine fásta agus iad a choinneáil ar feadh a saolta mar oibrithe deonacha i gCumann amaitéarach."

AG FÁS NA HIOMÁNA

Cheap beagnach 72% de na daoine a líon isteach an suirbhé go mbeadh sé tábhachtach cabhrú le Clubanna agus scoileanna nua le cúrsaí cóitseála agus le treallamh imeartha a fháil, leis an iomáint a fhás sna contaetha laga iomána – mar a thugtar orthu. Chomh maith leis sin, cheap os cionn 67% acu gur chóir don Chumann níos mó maoinithe a chur ar fáil sna contaetha seo le cur i dtreo fáis spriocbhunaithe.

"Teastaíonn infheistíocht ollmhór i mórcheantar an Táin – na 15 contae ó thuaidh ó Áth Cliath – Gaillimh. Níl ach idir 1 agus 9 Club i 13 de na conteatha sin."

AG COMHOIBRIÚ LE HEARNÁIL AN OIDEACHAIS

Cheap beagnach 54% de na daoine a líon isteach an suirbhé go mbeadh athnuachan i gcur chuig an Chumainn maidir le comhoibriú le hearnáil an oideachais tábhachtach chun na cluichí Gaelacha a dhéanamh chomh tábhachtach agus is féidir d'imreoirí óga.

"Déanann CLG infheistíocht shuntasach in earnáil an bhunoideachais trí chóitseálaithe a chur ar fáil. Tá an infheistíocht a dhéanann muid in iar-bhunscoileanna agus ag an tríú leibhéal i bhfad níos lú, áfach. Cuireann muid acmhainní riaracháin agus méid áirithe maoinithe ar fáil ar bhonn cúige agus náisiúnta, ach fágann muid earnáil an oideachais le feidhmiú ar a conlán féin den chuid is mó. Tá sé in am dúinn mionchíoradh a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn muid ag plé le hearnáil an oideachais, d'fhonn teacht ar na bealaí is fearr agus is féidir le tacú leis an earnáil sna blianta amach romhainn."

DAOINE

AG FÁS LÍON NA N-IMREOIRÍ

Cheap beagnach 56% de na daoine a líon isteach an suirbhé go raibh sé tábhachtach cluichí rialta a chinntiú le himreoirí a fhorbairt agus a choinneáil. Cheap 54% gur chóir tabhairt faoi na cúiseanna a n-éiríonn imreoirí as agus iad óg agus cheap 54% go raibh cóitseáil leanúnach agus ar ardchaighdeán tábhachtach maidir leis seo.

"Ní raibh oideachas i dtaca le cóitseáil riamh chomh láidir agus tá forbairt an-mhór tagtha air le blianta beaga anuas. Ceapaimse go bhféadfaí athruithe beaga a dhéanamh air agus córais nua chreidiúnaithe a chur ar bun do chóitseálaithe, agus creidiúnaithe a chur ar fáil do gach gné den chóitseáil."

"Ní mór 'spreagadh rannpháirtíochta iomláine i ngníomhaíochtaí CLG ón óige go dtí an aostacht' a bheith mar réimse fócais ag CLG. Creidimse gur cheart don Chumann coinneáil orthu ag spreagadh rannpháirtíochta i CLG ar mhaithe le cúrsaí folláine a chur chun cinn i measc an réimse is leithne daoine agus is féidir. Ba chóir béim ar leith a chur ar an ról atá ag spórt agus ag pobal i meabhairshláinte dhearfach do dhéagóirí agus d'ógánaigh."

AG COSAINT OBAIR DHEONACH

D'fhonn oibrithe deonacha a fhorbairt agus a choinneáil, cheap 48% de na daoine a líon isteach an suirbhé go raibh se tábhachtach go laghdódh CLG an méid oibre a bhíonn le déanamh ag leibhéal an Chlub. Chomh maith leis sin, bhí obair fhoirne agus obair dheonach ar an mbunluach is coitianta ar ghá don Chumann a chosaint.

"Straitéis a aontú a thabharfadh tacaíocht, a d'fhorbródh agus a chumasódh oibrithe deonacha ag gach leibhéal sa Chumann. Is iad na daoine deonacha céanna atá, agus a bheidh, i dtús cadhnaíochta maidir lenár gcluichí agus ár gCumann a chur chun cinn anois agus amach anseo. Caithfidh muid cabhrú leo a bheith neamhspleách i ngach gné dá gcuid forbartha."

AG INFHEISTIÚ I RÉITEOIRÍ

Cheap os cionn 52% de na daoine a líon isteach an suirbhé go raibh sé tábhachtach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcúrsaí réiteoireachta le go bhféadfaí réiteoirí a fhorbairt, a earcú agus a choinneáil.

"Muna bhfuil réiteoirí againn, níl cluiche againn. Braithim go bhfuil cúrsaí earcaíochta ina cheist an-tábhachtach anois toisc gur jab an-deacair é agus bíonn imreoirí, bainisteoirí agus leantóirí ag súil le níos mó is níos mó uathu an t-am ar fad. An bhfuil ár ndóthain á dhéanamh againn le daoine óga a mhealladh agus a spreagadh le bheith ina réiteoirí?"

FORBAIRT LEANÚNACH DAOINE

Cheap beagnach 74% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur rud tábhachtach é traenáil níos rialta ar ardchaighdeán a bheith ar fáil do chóitseálaithe, oifigigh, réiteoirí agus oideachas imreoirí nuair a bhain sé le tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do dhaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach. Ar an mbarr sin, cheap 71% de dhaoine óga gur chóir daoine óga a spreagadh le bheith ag obair go deonach trí thraenáil a chur ar fáil doibh.

"Creidmse go láidir go bhfuil ár ndaoine ar an acmhainn is fearr atá ag Cumann Lúthchleas Gael agus gur gá dúinn níos mó béime a leagan ar na daoine céanna ag gach leibhéal. Ní mór dúinn ár ndaoine a chumasú. Ní mór dúinn dúinn cultúr ina bhfuil meas ar chách a fhorbairt. Ní mór dúinn scileanna idirphearsanta a fhorbairt ó bharr an Chumainn síos chomh fada leis an gcosmhuintir. Ní mór dúinn meas a bheith againn ar dhaoine agus ar an obair a dhéanann siad. Ní mór dúinn meas a léiriú dóibh ar bhealach iomlánaíoch."

CLUBANNA AGUS POBAIL

AG CUR CHUN CINN NA HÉAGSÚLACHTA AGUS NA HIONCHUIMSITHEACHTA

Cheap beagnach 60% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur rud tábhachtach a bheadh i dtograí a chur ar bun a d'fháilteodh roimh chách chuig ár gcluichí nuair a bhain sé le daoine deonacha a fhorbairt agus a choinneáil.

"I bhfianaise imeachtaí áirithe domhanda a tharla le gairid, ceapaimse gur gá dúinn coinneáil orainn a bheith ag cur chun cinn ár gcluichí mar eagraíocht ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha ann. Cé nach fadhb ollmhór é an ciníochas agus an leithcheal inár gcluichí, ní mór dúinn coinneáil orainn a bheith réamhghníomhach agus na caighdeáin is airde maidir le cothromaíocht agus comhionannas san obair a dhéanann muid a bhaint amach i measc ar bpobail. Ní mór dúinn é seo a dhéanamh ar mhaithe le forbairt spóirt agus íomhá mhórphobal Chumann Lúthchleas Gael."

AG DUL I DTAITHÍ AR ATHRUITHE DAONRA

Cheap os cionn 71% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir don Chumann tús áite a thabhairt do Chlubanna reatha a chothú le tabhairt faoi athruithe daonra. Cheap 39% gur chóir díriú ar Chlubanna nua a bhunú i gceantair uirbeacha.

"Ní mór dúinn a dhéanamh cinnte go bhfuil an líon céanna Clubanna i ngach contae is atá anois ann faoi cheann 5 bliana. D'fhéadfadh ardú a bheith ar líon na gClubanna ach ní fhéadfadh níos lú aonad a bheith ann. D'fhonn sin a bhaint amach ní mór dúinn tacú leis na Clubanna reatha atá againn."

"Le níos mó daoine ag cónaí i gceantair uirbeacha caithfidh muid idirghabháil a dhéanamh nuair is cuí le cabhrú le forbairt agus le cothú Clubanna nua. Is gá tabhairt faoina leithéid, ach go háirithe, i gcás ceantar uirbeach a bhfuil fás mór tagtha orthu agus ina bhfuil pobail nua. Mara bhfuil muid in ann fanacht ar Chlubanna fás go nádúrtha sna ceantair seo, is gá dúinn a bheith réamhghníomhach."

AG NEARTÚ PÁIRTNÉIREACHTAÍ RIALTAIS

Cheap beagnach 69% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG gabháil i mbun plé le hÚdaráis Áitiúla maidir le réimsí ina bhfuil leas comhchoiteann ann.

"Tá gá le cur chuige stuama maidir leis an gcaoi a bpléann muid lenár dteagmhálaithe taobh amuigh den Chumann, mar shampla, an gaol atá againn leis an rialtas ar bhonn áitiúil agus náisiúnta. Tá go leor foinsí ann a d'fhéadfadh a ghabháil chun sochair do Chlubanna ó dheontais chaipitil spóirt, go tograí ceannaireachta, go tograí cultúrtha. Ní thuigeann formhór na gClubanna cad atá ar fáil dóibh agus ní thuigeann siad cén chaoi plé leo i gceart, srl."

AG FÁS CLG AR FUD AN DOMHAIN

Cheap os cionn 43% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur cheart don Chumann 'cluichí Domhanda' eile a eagrú taobh istigh den chéad trí bliana eile.

"Má tá muid le coinneáil orainn ag fás na gcluichí, is é mo thuairim go bhféadfadh na Cluichí Domhanda a bheith mar eipealár dó seo. Ba chóir deis a thabhairt don diaspóra domhanda agus dóibh siúd nach Éireannaigh iad a thaispeáint do phobal na nGael in Éirinn an bealach gur féidir leo cur leis an bhfás agus na hardscileanna atá acu."

CUMARSÁID

CUMARSÁID RÉAMHGHNÍOMHACH

Cheap beagnach 45% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur cheart don Chumann teicneolaíochtaí nua digiteacha a úsáid le cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh.

"Ar deireadh thiar is faoi dhaoine atá CLG. Nuair atá CLG ag obair i gceart ar an bpáirc agus amuigh ón bpáirc is de bharr go bhfuil daoine ag obair go maith le chéile atá sé. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh an chumarsáid a dhéanann muid le daoine mar thosaíocht againn. Braitheann an chaoi a ndéanann muid é, agus na tuairimí atá ag daoine – taobh istigh agus taobh amuigh den Chumann – inár leith ar phlean cuimsitheach a bheith againn atá ionadaíoch ar thírdhreach atá dírithe ar chumarsáid láithreach agus atá ag athrú de shíor."

AG NASCADH LE BAILL AGUS LE LUCHT LEANÚNA

Cheap os cionn 60% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG fianaise de neamhshuim idir Oifigigh CLG agus baill Chlub a aithint agus gníomhú dá réir.

"Cloiseann muid baill ag caint faoi 'CLG' an t-am ar fad ar nós gur eagraíocht éagsúil é. Cloiseann muid iarimreoirí idirchontae agus anailísithe go fiú ag caint faoi 'CLG' ar nós gur rud éicint a bhí ann nach raibh aon bhaint acu leis. Mar shampla, cúrsaí airgeadais. Is fíorannamh a chastar ar dhaoine a thuigeann gur eagraíocht neamhbhrabúis é CLG agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil go leor dár gcuid ball den tuairim go bhfuil mol mór airgid curtha ar leataobh againn nach gcuirtear síos chuig an gcosmhuintir. Teachtaireachtaí ar nós: neamhbhrabús; is féidir le duine ar bith (imreoirí san áireamh) rún a chur ar aghaidh ar bhonn Club/Contae/Cúige/ag an gComhdháil Bhliantúil ag moladh athruithe sa Chumann; is Cumann 32 Contae muid agus leagann muid béim ar an nGaeilge; agus go leor eile."

AG PLÉ LE DAOINE ÓGA

Cheap os cionn 65% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG ról níos mó a thabhairt do dhaoine óga maidir le cinntí a dhéanamh.

"Creidim go bhfuil sé ríthábhachtach d'fhás agus don dearcadh atá ag daoine ar an eagraíocht, níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga tionchar a imirt ar na cinntí a dhéantar inti, chomh maith lena dhéanmh cinnte go bhfuil níos mó ban agus glórtha éagsúla ar choistí agus ar fhóraim chinnteoireachta."

AG CEILIÚRADH NA GAEILGE AGUS AN CHULTÚIR GHAELAIGH

"Leagadh síos tábhacht na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh i gcur chun cinn ár bhféiniúlachta cultúrtha nuair a bunaíodh CLG an chéad lá. Is i bPáirc an Chrócaigh a leagtar síos an caighdeán agus ba mhaith liom níos mó plé a fheiceáil le Clubanna agus le Boird Chontae d'fhonn níos mó cabhrach a chur ar fáil dóibh le go mbeadh níos mó Gaeilge á labhairt ag cruinnithe Coiste agus ag ár gcluichí, ar ár gcórais fhógartha phoiblí, inár n-óráidí agus ag ár bpáirtnéirí craoltóireachta. Ba mhaith liom níos mó a fheiceáil idir rannóga, mar shampla, An Rannóg Cumarsáide agus Rannóg na gCluichí. Go bunúsach, go mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil."

RIALACHAS AGUS OIBRÍOCHTAÍ

FORBAIRT RIALACHAIS

Mheas os cionn 45% de na daoine a líon isteach an suirbhé go raibh sé tábhachtach na struchtúir eagrúcháin ón gClub go dtí an Ard-Chomhairle a athchóiriú chun na struchtúir agus na rólanna rialachais a thabhairt suas chun dáta.

"Cibé straitéisí a thagann chun cinn, beidh cur i bhfeidhm na straitéisí sin ag brath ar struchtúir éifeachtacha agus chuí a bheith i bhfeidhm taobh istigh den eagraíocht. Má theipeann orainn sin a chinntiú bainfear den toradh agus cuirfear i mbaol é. Tá na struchtúir reatha tar éis athrú de réir a chéile in áit a bheith saindeartha, agus i gcásanna áirithe níl na struchtúir oiriúnach a thuilleadh. Ba chóir todhchaí phleanáilte a bheith ann ina bhfuil an Cumann Camógaíochta agus Cumann Peile na mBan san áireamh air."

AG NASCADH CHUMAINN NA GCLUICHÍ GAELACHA

Cheap os cionn 81% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG, do Chumann Peile na mBan agus don Chumann Camógaíochta nascadh mar aon Chumann Amháin. Níor aontaigh 10% agus ní raibh 9% cinnte.

"Cuir na geallsealbhóirí uile isteach faoin aon dian amháin le hAon Chumann Amháin a aontú ina mbeadh comhionannas ann do gach ball Club."

AG COSAINT DAOINE AGUS CLUICHÍ

Cheap beagnach 28% de na daoine a líon isteach an suirbhe gur chóir do CLG a chuid na beartanna a chur i bhfeidhm ar bhealach níos treise le cinntiú go gcloítear le reachtaíocht a bhaineann le cumhdach leanaí.

"Tá cúrsaí cumhdaithe ag teastáil i ngach aonad de chuid an Chumainn lenár gcuid ball a chosaint. Ní mór dúinn a dhéanamh cinnte go nglactar lenár dtraenáil agus lenár bpolasaithe maidir le cumhdach leanaí, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar mhaithe le cloí lenár gcur chuige leanbhlárnach."

AG INFHEISTIÚ I DTEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH AGUS MIONSONRAÍ

Cheap beagnach 50% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG córais chuntasaíochta nua-aoiseacha a úsáid le cúrsaí teicneolaíochta ar fud an Chumainn a thabhairt suas chun dáta.

"Ba chóir go mbeadh béim ar leith ar an bpróiseas a dhéanamh chomh héasca agus is féidir ar Chlubanna agus ar bhaill ballraíocht, imreoirí, painéil, éilimh ar ghortuithe agus mar sin de a rianú go digiteach, uaidh seo go ceann cúig bliana. Ba chóir a leithéid a leathnú amach ina iomláine do Chlubanna le go bhféadfaidís a gcuid ball a thraenáil le go mbeadh an próiseas trédhearcach agus soiléir maidir leis an áit a bhfuil an t-eolas ar fáil agus maidir leis an áit ar chóir an páipéarachas a chur."

ACMHAINNÍ

AG BAINT AMACH INBHUANAITHEACHTA AIRGEADAIS

Cheap os cionn 68% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir don Chumann tosaíocht a thabhairt do chroíghníomhaíochtaí ar nós cóitseála agus cluichí a mhaoiniú le go bhféadfaí inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach.

"Tá caiteachas Clubanna agus Contaetha ag ardú de shíor agus tá an bhearna idir na na tiomsaithe móra airgid agus na tiomsaithe airgid nach bhfuil chomh mór céanna ag leathnú an t-am ar fad. Tá dhá bhealach le tabhairt faoi seo: ceann acu ná tabhairt faoin gcaiteachas, agus an ceann eile ná an teacht isteach a leathnú amach. Tá an t-am tagtha le smaoineamh ar mhodúl roinnte airgid idir na contaetha, mar shampla, dá n-éireodh le Contae amháin teacht isteach mór millteach a mhealladh, go gcuirfí céatadán de, tar éis uasmhéid áirithe a bhaint amach, isteach i bpota lárnach le roinnt i measc contaetha níos lú. D'fhéadfaí srianta caiteachais a chur ar Chontaetha agus ar Chlubanna le cúrsaí a choinneáil faoi smacht. D'éascódh sé sin an boilsciú leanúnach atá le sonrú i mbuiséid ina mbailítear gach airgead go háitiúil trí iarrachtaí uileghabhálacha deonacha, go príomha."

COTHROMAÍOCHT MAIDIR LE HINFHEISTÍOCHT CLUB-CONTAE

Cheap beagnach 50% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir don Chumann modúl a chur ar bun leis an gcaiteachas a bhaineann le foirne idirchontae a réiteach, a rialú.

"Tá an chuma ar an scéal go bhfuil costaisí ag gabháil as smacht ag gach leibhéal. Deacair a dheireadh a fheiceáil. D'fhéadfadh sé a bheith ag cur leis an mbearna idir Chlubanna agus Chontaetha. Baol ann go mbeidh sé ina armrás. Cuir rialachán níos fearr i bhfeidhm maidir leis an gcluiche idirchontae le costaisí a choinneáil faoi smacht."

"An bhfuil daoine ag fágáil Clubanna mar áit le spraoi a bheith acu i spórt de bharr éilíteachais? Ní féidir le gach duine imirt ag an leibhéal is airde ach is féidir le gach duine rud éicint a thabhairt dá gClub. An bhfuil muid ag díriú an iomarca ar fhoireann amháin, nó, ar chéad fhoireann an Chlub? Caithfidh muid breathnú ar an gClub mar phobal, ní mar liosta foirne – áit ina bhfuil fáilte roimh chách agus áit ina bhfuil ról le himirt ag gach duine ar an bpáirc agus amuigh ón bpáirc, áit ina bhfuil sásamh le fáil ag gach duine a bheith mar chuid de Chlub."

AG BAINT AMACH ÁISEANNA ATÁ SÁBHÁILTE AGUS INBHUANAITHE

Cheap os cionn 57% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG an maoiniú lárnach d'áiseanna Club a ardú.

"Airíonn sé amaideach ach gan cúrsaí ballraíochta san áireamh, tá ár gcuid áiseanna ar an acmhainn is mó atá againn. Caithfidh muid a oibriú amach cad iad na háiseanna atá uainn do gach aonad de chuid CLG, ag gach leibhéal. Ní mór dúinn plé le forais rialtais le cinntiú nach bhfuil aon dúbláil ag gabháil ar aghaidh. Tá infreastruchtúr maith againn agus anois an t-am le cur leis agus le tógáil air. Ba chóir tacaíocht a lorg ón rialtas agus ba chóir dúinn a bheith oscailte d'áiseanna súgartha, spásanna siúil/fóillíochta agus páirceanna imeartha breise a fhorbairt ag ionaid de chuid CLG. Teastóidh tacaíocht ó na clubanna le tabhairt faoi fhorbairt den chineál sin."

I DTÚS CADHNAÍOCHTA IN INBHUANAITHEACHT TIMPEALLACHTA

Cheap os cionn 45% de na daoine a líon isteach an suirbhé gur chóir do CLG plé le rialtais d'fhonn inbhuanaitheaht timpeallachta a chur chun cinn i measc gach aonad de chuid an Chumainn.

"Sáraíonn CLG cúrsaí áitiúla agus domhanda ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana. Ciallaíonn sé seo gur chóir dúinn glacadh le hinbhuanaitheach agus go bhfuil tionchar sách mór againn le bheith lárnach ina chur chun cinn. Ní hionann a bheith inbhuanaithe agus gníomhartha glasa agus aeráide amháin a dhéanamh. Is ionann é agus rudaí a dhéanamh níos fearr ar mhaithe le torthaí níos fearr feidhmiúcháin agus airgeadais a bhaint amach. An dtuigeann muid agus an bhfuil muid réidh do na himpleachtaí a bheidh ag an athrú aráide orainn uaidh seo go ceann 20/30 bliain?"

AGUISÍN 3

BUÍOCHAS

GRÚPAÍ AGUS EAGRAÍOCHTAÍ

- Fochoistí Lárnacha CLG
- Coistí Contae CLG
- Foirne Sinsearacha Ceannaireachta CLG
- Urraitheoirí CLG
- Foireann CLG – Contae, Cúige agus Lárnach
- Cumann Scríbhneoirí Gael
- CLG Liathróid Láimhe
- Comhairle Náisiúnta Cluiche Corr
- Iar-Uachtaráin agus Iar-Oifigigh CLG
- Spórt Éireann
- An Cumann Camógaíochta
- Cumann Imreoirí Gael
- Cumann Peile na mBan

DAOINE AONARACHA

AINM	GRÚPA/EAGRAÍOCHT	RÓL	CINEÁL
Áine McParland	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Barry Grant	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Brian Cody	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Brian Dooher	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Cadhla McCrossan	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Carl Walsh	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Uachtarán Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Cathal Burke	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Iománaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Cathal Cregg	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Christy O'Connor	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Cóitseálaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Clíona Foley	Na Meáin Chumarsáide	Iriseoir	Aighneacht
Colm Collins	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Colm Cummins	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Rúnaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Colm O'Rourke	Na Meáin Chumarsáide	Ball Club	Aighneacht
Corey Scahill	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Iománaí	Aighneacht
Cormac Curtis	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball	Aighneacht, Fócasghrúpa
Davy Burke	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Diarmuid Clancy	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Eamon O'Shea	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Cóitseálaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Eddie Friel	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
Eileen Connolly	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Cisteoir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Eileen Dunne	Na Meáin Chumarsáide	Leantóir	Aighneacht, Ceardlann
Eoin O'Sullivan	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Fintan Fanning	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Oifigeach Forbartha	Aighneacht, Fócasghrúpa

AINM	GRÚPA/EAGRAÍOCHT	RÓL	CINEÁL
Gary Brennan	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Gerry Kearney	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Glenn Ryan	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Gráinne McElwain	Na Meáin Chumarsáide	Láithreoir	Aighneacht
Irial Mac Murchú	Na Meáin Chumarsáide	Príomhfheidhmeannach	Aighneacht
Jim Ryng	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
Joe Passmore	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
John Doyle	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
John Griffin	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Iománaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
John Kelly	Cumann Liathróid Láimhe	Bainisteoir Náisiúnta CLG Liathróid Láimhe	Aighneacht
John Murphy	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
John Riordan	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Cisteoir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Kany Moradi	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Kevin Griffin	Coiste i dTreo 2034	Ball Club	Fócasghrúpa
Kianan Fahey	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Kieran McKeever	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Leas-Chathaoirleach	Aighneacht
Leona Twiss	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	OCP	Aighneacht, Fócasghrúpa
Liam Moffatt	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
Linda Ervine	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Uactarán Club	Aighneacht
Mártan Ó Ciardha	Na Meáin Chumarsáide	Iriseoir	Aighneacht
Martin Breheny	Na Meáin Chumarsáide	Iriseoir	Aighneacht
Marty McGrath	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Club	Iománaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Mary Hanrahan	Grúpa Léargais na mBall Óige	Ball Club	Aighneacht, Fócasghrúpa
Michael Murphy	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Peileadóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Michael Savage	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Peileadóir	Aighneacht
Micheál Donoghue	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Michelle Healy	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Rúnaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Neil Sheridan	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Roghnóir	Aighneacht, Fócasghrúpa
Noel Mooney	Cumann Sacair na Breataine Bige	Príomhfheidhmeannach	Ceardlann
Padraig Meehan	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Oifigeach Leanaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Paul Toner	KPMG	Páirtnéir	Ceardlann
An tOllamh Niamh Hourigan	Coláiste Mhuire gan Smál	Socheolaí agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla	Ceardlann
Richie Power	Grúpa Léargais Imreoirí Sinsir Idirchontae	Iománaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Ronan Sheehan	Grúpa Léargais Bainisteoirí/Cóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Ryan Lynch	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Seán Bán Breathnach	Na Meáin Chumarsáide	Iriseoir	Aighneacht
Sean Carmody	Grúpa Léargais Bainisteoirí Sinsir Club	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Sean Micheal O'Regan	Grúpa Léargais na nOifigeach Contae	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
Sean O'Gorman	Grúpa Léargais na nImreoirí Sinsir Club	Iománaí	Aighneacht, Fócasghrúpa
Terry Hyland	Grúpa Léargais na mBainisteoirí/gCóitseálaithe Sinsir Idirchontae	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa
Tomás Brady	Grúpa Léargais na nOifigeach Club	Cathaoirleach	Aighneacht, Fócasghrúpa
Tommy Callaghan	Na Meáin Chumarsáide	Iriseoir	Aighneacht
Willie Maher	Grúpa Léargais na mBainisteoirí Club Sinsir	Bainisteoir Foirne	Aighneacht, Fócasghrúpa



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

AONTAS 2026
I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH

Plean Straitéiseach CLG 2022-2026